GA

GA GA

AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil 5.5.2011
COIM(2011) 245 leagan deireanach

2011/0105 (COD)

Togra le haghaidh

# RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

**maidir le ceimiceáin chontúirteacha a onnmhairiú agus a allmhairiú**

**(athmhúnlú)**

**(Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE)**

**(arna thíolacadh ag an gCoimisiún)**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### 1.1. Forais agus cuspóirí an togra

Le Rialachán (CE) Uimh. 689/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Meitheamh 2008 maidir le ceimiceán contúirteacha a onnmhairiú agus a allmhairiú[1] ('an Rialachán'), cuireadh chun feidhme Coinbhinsiún Rotterdam ar an nós imeachta i dtaobh toiliú feasach a chur in iúl roimh ré (PIC – Prior Informed Consent) le haghaidh ceimiceán guaiseach agus lotnaidicídí áirithe sa trádáil idirnáisiúnta.

Is ar na cúiseanna seo a leanas a bheartaítear Rialachán (CE) Uimh. 689/2008 a athmhúnlú:

– Tá tagairtí sa Rialachán do Threoir 67/548/CEE ón gComhairle an 27 Meitheamh 1967 maidir le comhfhogasú na ndlíthe, na rialachán agus na bhforálacha riaracháin maidir le substaintí contúirteacha a aicmiú, a phacáistiú agus a lipéadú agus do Threoir 1999/45/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Bealtaine 1999 maidir le comhfhogasú dhlíthe, rialachán agus fhorálacha riaracháin na mBallstát i dtaca le hullmhóidí contúirteacha a aicmiú, a phacáistiú agus a lipéadú, ar rialacháin iad a rinneadh nó a dhéanfar a ionadú nó a aisghairm le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán, agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Treoir 67/548/CEE agus Treoir 1999/45/CE, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006[2]. Dá bhrí sin, is gá an Rialachán a ailíniú le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008.

– Chun tacú leis an gCoimisiún ina chúraimí mar údarás ainmnithe comhchoiteann dá bhforáiltear faoin Rialachán, tá sé beartaithe go mbeidh an Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán ('an Ghníomhaireacht') páirteach i gcúraimí riaracháin, teicniúla agus eolaíocha áirithe a bhfuil gá leo chun an Rialachán a chur chun feidhme.

– I bhfianaise Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 agus na taithí a fuarthas ar fheidhmiú na nósanna imeachta faoi Rialachán (CE) Uimh. 689/2008, is iomchuí leasuithe teicniúla áirithe ar na forálacha oibriúcháin a chur isteach amhail soiléiriú a dhéanamh ar na sainmhínithe ar shubstaint, ar mheascán agus ar earra, agus úsáid na uimhireach tagartha sainaitheantais a iarraidh i gcás onnmhairí nach bhfuil faoi réir fógra onnmhairíochta a thabhairt.

– I bhfianaise na taithí a fuarthas agus an nós imeachta um toiliú sainráite dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 689/2008 á chur chun feidhme is iomchuí foráil maidir le coinníollacha breise ar féidir leo ligean d'onnmhairithe dul ar aghaidh in éagmais freagra ón tír allmhairíochta ach gan an chosaint a thugtar do thíortha allmhairíochta a laghdú.

– I bhfianaise na n-athruithe a tugadh isteach le Conradh Liospóin, is gá forálacha a bhaineann le hionadaíocht eachtrach thar ceann an Aontais Eorpaigh a shoiléiriú agus

[1] IO L 204, 31.7.2008, lch. 1
[2] IO L 353, 31.12. 2008, lch. 1

na forálacha maidir le nós imeachta coiste a chur in oiriúint. Go háirithe, ba cheart a shonrú cé na rialacha atá faoi réir gníomhartha cur chun feidhme agus ba cheart a shoiléiriú cé na coinníollacha atá infheidhme maidir le gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

## 1.2. Comhthéacs ginearálta

Glacadh Coinbhinsiún Rotterdam i Meán Fómhair 1998. Tháinig sé i bhfeidhm an 24 Feabhra 2004. Is é aidhm Choinbhinsiún Rotterdam freagracht chomhroinnte agus comh-iarrachtaí a chothú i measc na bPáirtithe i dtrádáil idirnáisiúnta ceimiceán contúirteach chun sláinte an duine agus an comhshaol a chosaint ó dhíobháil a d'fhéadfadh tarlú agus chun cur le húsáid na gceimiceán sin ar bhealach atá fónta ó thaobh an chomhshaoil de. Déantar é sin trí mhalartú faisnéise a éascú maidir lena saintréithe, trí sholáthar do phróiseas cinnteoireachta náisiúnta le haghaidh a n-allmhairithe agus a n-onnmhairithe agus trí na cinntí sin a scaipeadh ar na Páirtithe.

Le Rialachán (CE) Uimh. 689/2008 cuirtear Coinbhinsiún Rotterdam ar an nós imeachta i dtaobh toiliú feasach a chur in iúl roimh ré (PIC) le haghaidh ceimiceán guaiseach agus lotnaidicídí áirithe sa trádáil idirnáisiúnta, chun feidhme. Téann forálacha an Rialacháin níos faide ná a bhfuil sa Choinbhinsiún agus soláthraíonn siad breis cosanta do thíortha allmhairíochta ós rud é go bhfuil siad dírithe ar gach tír seachas ar Pháirtithe an Choinbhinsiúin amháin. Níl raon feidhme an Rialacháin teoranta do cheimiceáin a bhfuil toirmeasc nó srian mór orthu faoin gCoinbhinsiún, cumhdaíonn sé ceimiceáin a bhfuil toirmeasc nó srian mór orthu ar leibhéal an AE freisin. Ina theannta sin, áirithítear leis an Rialachán go mbeidh gach ceimiceán pacáistithe agus lipéadaithe mar is iomchuí tráth a onnmhairithe.

## 1.3. Forálacha atá ann cheana i réimse an togra

Mar a sonraíodh thuas, tá na rialacha de chuid an Aontais atá ann faoi láthair maidir le honnmhairiú agus allmhairiú ceimiceán contúirteach leagtha síos i Rialachán (CE) Uimh. 689/2008, faoi réir a leasaithe is déanaí le Rialachán (AE) Uimh. 196/2010 ón gCoimisiún[3].

Téann an Rialachán cuid mhaith níos faide ná ceanglais an Choinbhinsiúin. Is féidir na príomhdhifríochtaí a achoimriú mar seo a leanas:

1. Baineann na rialacha le honnmhairithe go gach tír, bíodh an tír sin ina Páirtí sa Choinbhinsiún nó ná bíodh;

2. Leagtar amach sa Rialachán oibleagáid maidir le fógra bliantúil onnmhairíochta i gcás réimse níos fairsinge ceimiceán. D'fhonn a chinneadh cé na ceimiceáin ar cheart dóibh a bheith faoi réir an nós imeachta, roinntear gach ceann den dá chatagóir úsáide (lotnaidicídí agus ceimiceáin thionsclaíocha) dá bhforáiltear sa Choinbhinsiún ar dhá fhochatagóir (táirgí cosanta plandaí agus lotnaidicídí eile amhail bithicídí; agus ceimiceáin le haghaidh úsáide gairmiúla agus ceimiceáin le haghaidh úsáide tomhaltóirí). Ní mór fógra onnmhairíochta a thabhairt gan beann ar úsáid bheartaithe an cheimiceáin agus bíodh úsáid an cheimiceáin sin faoi thoirmeasc nó faoi shrian mór san AE nó na bíodh. Thairis sin, cumhdaítear ceimiceáin atá faoi réir an nós

[3] IO L 60, 10.3.2010, lch. 5

imeachta idirnáisiúnta um thoiliú feasach a chur in iúl roimh ré ('ceimiceáin PIC') agus earraí áirithe ina bhfuil ceimiceáin den sórt sin;

3. Ní féidir ceimiceáin PIC ná ceimiceáin a bhfuil toirmeasc nó srian mór orthu san Aontas atá i gcatagóir úsáide de chuid an Choinbhinsiúin a onnmhairiú gan toiliú sainráite na dtíortha allmhairíochta;

4. Tá toirmeasc ar onnmhairiú earraí agus ceimiceán áirithe (amhail na ceimiceáin sin atá faoi réir Choinbhinsiún Stócólm maidir le Truailleáin Orgánacha Bhuanmharthanacha freisin);

5. Ní mór gach ceimiceán contúirteach a onnmhairítear go tríú tír a lipéadú agus a phacáistiú sa chaoi chéanna is nach mór a dhéanamh laistigh den Aontas Eorpach ach amháin má éilíonn an tríú tír a mhalairt.

### 1.4. Comhsheasmhacht le beartais agus cuspóirí eile an Aontais

Luíonn an togra go hiomlán le beartais agus cuspóirí atá ann cheana a bhfuil sé d'aidhm leo sláinte an duine agus an comhshaol a chosaint ar fud an domhain.

## 2. TORTHAÍ AN CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS MEASÚNÚ TIONCHAIR

### 2.1. Comhairliúchán leis na páirtithe leasmhara

*Modhanna comhairliúcháin, na príomhearnálacha ar díríodh orthu agus an cúlra ginearálta*

Mar gheall ar chineál an athmhúnlaithe, ar athmhúnlú é nach dtabharfaidh ach mionleasuithe teicniúla ar na forálacha oibriúcháin isteach, níor measadh gur ghá dul i gcomhairle le geallsealbhóirí ar bhonn foirmiúil.

Cuireadh geallsealbhóirí ábhartha ar an eolas laistigh de chreat na gcruinnithe a bhí ag Údaráis Náisiúnta Ainmnithe (UNAnna) faoi Rialachán (CE) Uimh. 689/2008 i dtaobh na modhnuithe atá beartaithe. Bhí geallsealbhóirí amhail lucht tionscail agus eagraíochtaí neamhrialtasacha chomh maith le Ballstáit i measc na rannpháirtithe, agus bhí deis acu ar fad a dtuairim a thabhairt agus trácht a dhéanamh.

*Achoimre ar na freagraí agus conas mar a cuireadh san áireamh iad*

Thacaigh gach Ballstát agus gach geallsealbhóir eile a bhí páirteach sna cruinnithe a bhí ag Údaráis Náisiúnta Ainmnithe (UNAnna) faoi Rialachán (CE) Uimh. 689/2008 leis na hathruithe atá beartaithe, lena n-áirítear aistriú cúraimí chuig an nGníomhaireacht.

### 2.2. Bailiú agus úsáid saineolais

Ós rud é nach mbeartaítear aon athruithe substaintiúla i gcomhthéacs an athbhreithnithe seo, níor measadh go raibh sé riachtanach úsáid a bhaint as saineolas seachtrach.

### 2.3. Measúnú tionchair

Tá na rialacha atá ann faoi láthair atá leagtha amach sa Rialachán ag feidhmiú i gceart go ginearálta agus ní gá ach mionmhodhnuithe teicniúla chun an cur chun feidhme a éascú. Is é

aidhm na bpríomhathruithe an Rialachán a ailíniú le Conradh Liospóin agus le reachtaíocht ghinearálta na gceimiceán chomh maith le páirt a thabhairt don Ghníomhaireacht sna cúraimí dá bhforáiltear faoin Rialachán. Ós rud é go bhfuiltear ag súil leis go mbeidh tionchar foriomlán teoranta ag an athbhreithniú, níor measadh go raibh sé den tábhacht measúnú tionchair a chur i gcrích. Is féidir achoimre a dhéanamh ar phríomhéifeachtaí na n-athruithe mar seo a leanas:

– De thoradh na n-athruithe atá beartaithe, beidh breis soiléireachta agus trédhearcachta agus méadú ar dheimhneacht dhlíthiúil ann do na páirtithe ar fad a bhfuil baint acu leis an Rialachán a chur chun feidhme;

– Ní chuirfidh an togra aon ualach breise riaracháin ar onnmhaireoirí ná ar údaráis inniúla a bhfuil baint acu leis an Rialachán a chur chun feidhme. A mhilleadh sin, laghdófar an hualaí riaracháin de bharr na leasuithe atá beartaithe i gcás onnmhairí atá díolmhaithe ó fhógra onnmhairíochta a thabhairt;

– Aistreofar roinnt cúraimí ón gCoimisiún chuig an nGníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, agus táthar ag súil leis go laghdóidh sé sin na costais fhoriomlána agus go méadóidh sé an t-eolas eolaíoch a bheidh ar fáil i rith an chur chun feidhme;

– Caomhnófar an t-ardleibhéal cosanta ar shláinte an duine agus ar an gcomhshaol atá ann faoi láthair.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN TOGRA

### 3.1. Achoimre ar an ngníomhaíocht atá beartaithe

Go bunúsach, choinneodh an Rialachán nua atá beartaithe gach foráil de chuid an Rialacháin atá ann faoi láthair, lena n-áirítear na cinn siúd a théann níos faide ná ceanglais an Choinbhinsiúin. Meastar gur gá leasuithe teicniúla áirithe, áfach, chun soiléireacht agus feidhmiú an Rialacháin a fheabhsú. Is iad seo a leanas na príomhathruithe:

– Athruithe agus soiléirithe maidir le sainmhínithe áirithe (Airteagal 3)

Tá sainmhínithe leasaithe chun an Rialachán seo a ailíniú le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008. Tá 'meascán' curtha in ionad an téarma 'ullmhóid' chun na hathruithe ar reachtaíocht ghinearálta na gceimiceán a léiriú agus tá sainmhíniú ar 'substaint' curtha isteach.

– <u>Athruithe ar an nós imeachta um 'toiliú sainráite' mar a thugtar air (Airteagal 14(7))</u>

I dtuairim is 30% de na cásanna go dtí seo, in ainneoin na n-iarrachtaí atá déanta ag UNAnna na mBallstát onnmhairíochta agus ag an gCoimisiún toiliú sainráite a fháil, níl aon fhreagra le fáil ón tír allmhairíochta, agus is amhlaidh atá i roinnt cásanna leis na míonna nó leis na blianta. Mar thoradh air sin, ní féidir dul ar aghaidh leis na honnmhairithe sin, in ainneoin gur minic nach bhfuil toirmeasc ná srian mór ar na substaintí sna tíortha allmhairíochta. Cruthaíonn an córas atá ann faoi láthair deacrachtaí d'onnmhaireoirí agus do UNAnna na mBallstát onnmhairíochta gan cosaint níos fearr a thabhairt do thíortha allmhairíochta i ngach cás. Tá fadhb ar leith ag baint leis an staid maidir le ceimiceáin atá liostaithe i gcuid 2 d'Iarscríbhinn I (ceimiceáin a bhfuil toirmeasc nó srian mór orthu san Aontas atá i gcatagóir úsáide

de chuid an Choinbhinsiúin agus dá bhrí sin atá incháilithe maidir le fógra PIC a thabhairt ach nach ceimiceáin PIC iad go fóill) toisc nach mbíonn údaráis i dtíortha allmhairíochta ar an eolas faoi nósanna imeachta an AE i gcónaí nó ní i gcónaí a bhíonn sainordú ná acmhainn acu freagra a thabhairt.

Ina fhianaise sin, meastar gurb iomchuí deiseanna teoranta áirithe a bheith ann chun onnmhairithe a sheoladh ar bhonn sealadach fad is atá tuilleadh iarrachtaí á ndéanamh toiliú sainráite a fháil. Tá sé beartaithe ligean don onnmhairiú dul ar aghaidh más ann d'fhianaise dhoiciméadaithe ó fhoinsí oifigiúla a léiríonn gur allmhairíodh an ceimiceán nó gur úsáideadh é le linn na gcúig bliana roimhe sin agus nach ndearnadh aon ghníomh rialála ina leith, más rud é, in ainneoin gach iarrachta réasúnta de chuid UNA an onnmhaireora, na Gníomhaireachta agus an Choimisiúin, nach bhfaightear freagra ón tír allmhairíochta laistigh de dhá mhí. Is féidir glacadh leis an bhfianaise a léiríonn gur allmhairíodh an ceimiceán isteach sa tír mar chomhartha leordhóthanach go bhfuil toiliú ann le go bhféadfaidh onnmhairithe dul ar aghaidh *ad interim* ar feadh tréimhse 12 mhí go dtí go dtiocfaidh freagra. Luífeadh an méid sin le forálacha 'status quo' (mar a thugtar orthu) Airteagal 11(2) den Choinbhinsiún, ach bheidís níos sriantaí. Thairis sin, is minic a shainítear ceadúnais allmhairíochta do tháirge nó do sholáthróir nó d'allmhaireoir ar leith agus dá bhrí sin chuirfí teorainn dá réir sin ar an deis d'onnmhairithe dul ar aghaidh.

– Rannpháirteachas na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán (Airteagal 6 agus Airteagal 24)

Tá an Ghníomhaireacht páirteach i gcur chun feidhme an Rialacháin seo mar gheall ar a saineolas agus a taithí, meastar fónamh ar leith a bheith ina taithí maidir le reachtaíocht ghinearálta na gceimiceán a chur chun feidhme agus comhaontuithe idirnáisiúnta i dtaca le ceimiceáin, go háirithe ina taithí ar an mBunachar Sonraí Eorpach maidir le hOnnmhairiú agus Allmhairiú Ceimiceán Contúirteach a bhainistiú agus roinnt cúraimí riaracháin gaolmhara.

– Forálacha a bhaineann le hionadaíocht eachtrach thar ceann an Aontais agus le nós imeachta coiste a chur in oiriúint do Chonradh Liospóin (Airteagal 5 agus Airteagal 26 go hAirteagal 29)

Ailíníodh na forálacha a bhaineann le hionadaíocht eachtrach thar ceann an Aontais le Conradh Liospóin. Rinneadh athbhreithniú freisin ar na forálacha ina dtugtar cumhachtaí áirithe don Choimisiún Eorpach chun teacht i bhfeidhm Chonradh Liospóin a léiriú.

### 3.2. Bunús dlí

I gcomhréir le breithiúnas na Cúirte i gcás C-178/03 (*An Coimisiún in aghaidh na Parlaiminte agus na Comhairle*)[4], beidh an Rialachán atá beartaithe bunaithe ar Airteagal 192(1) (a bhaineann le Cosaint an Chomhshaoil) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus ar Airteagal 207 (a bhaineann leis an gComhbheartas Trráchtála).

4 CBE (2006), I-107.

### 3.3. Prionsabal na coimhdeachta

Tá feidhm ag prionsabal na coimhdeachta sa mhéid is nach bhfuil an togra faoi réir inniúlacht eisiach an Aontais Eorpaigh. Comhlíonann an togra prionsabal na coimhdeachta ina iomláine ós rud é nach féidir leis na Ballstáit a chuspóirí a bhaint amach toisc gur gá cur chuige comhchuibhithe chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh an tAontas, i gcáil Páirtí sa Choinbhinsiún, a oibleagáidí idirnáisiúnta.

### 3.4. Prionsabal na comhréireachta

Comhlíonann an togra prionsabal na comhréireachta ós rud é nach dtéann sé thar a bhfuil riachtanach chun a chuspóirí a bhaint amach. Tá sé dírithe ar gan athruithe a dhéanamh ach amháin má mheastar go bhfuil siad riachtanach agus iomchuí ar mhaithe lena dhea-fheidhmiú nó más gá iad de thoradh athruithe ar reachtaíocht eile.

Thairis sin, tá sé d'aidhm leis an togra an t-ualach riaracháin a laghdú gan cur isteach ar an leibhéal cosanta a thugtar do shláinte an duine agus don chomhshaol.

### 3.5. Rogha na hionstraime

Ós rud é gur i bhfoirm rialacháin atá an reachtaíocht atá ann cheana agus atá le hionadú, is é sin an ionstraim is iomchuí.

## 4. IMPLEACHT BHUISÉADACH

Níltear ag súil leis go mbeidh impleachtaí móra don bhuiséad ag an togra ós rud é nár tugadh aon chúraimí nua isteach nach bhfuil i Rialachán (CE) 689/2008. Meastar go laghdófar costas foriomlán an chur chun feidhme de bharr aistriú cúraimí áirithe ón gCoimisiún chuig an nGníomhaireacht Eorpach Ceimiceán. Féadfar laghduithe eile a bhaint amach san fhadtéarma i bhfianaise na sineirgíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ann le cúraimí eile de chuid na Gníomhaireachta.

Maoineofar na cúraimí a dhéanfaidh an Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán i bhfoirm dheontais ó bhuiséad an Aontais.

## 5. EILIMINTÍ ROGHNACHA

### 5.1. Clásal athbhreithnithe/leasaithe/éagtha

Tá clásal athbhreithnithe ar áireamh sa togra. Tá an clásal sin teoranta don deis táillí a ghearradh as seirbhísí a sholáthraíonn an Ghníomhaireacht. Tá an Coimisiún faoi cheangal, áfach, tuairisc a thabhairt go tráthrialta do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir le cur chun feidhme an Rialacháin.

### 5.2. Athmhúnlú

Tá athmhúnlú i gceist leis an togra.

⬇ 689/2008 (oiriúnaithe)
⇨ nua

2011/0105 (COD)

**RIALACHÁN (AC̶E) Uimh. ~~689/2008~~ Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**an ~~17 Meitheamh 2008~~**

**maidir le ceimiceáin chontúirteacha a onnmhairiú agus a allmhairiú**

**⇨ (Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE) ⇦**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ⌦ ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ⌫~~ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh~~, agus go háirithe ⌦ Airteagal 192(1) agus Airteagal 207 ⌫~~Airteagal 133 agus Airteagal 175(1)~~ de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún ⌦ Eorpach ⌫ ,

⌦Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na Parlaimintí náisiúnta, ⌫

Ag féachaint don Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa~~[5]~~,

⌦Ag féachaint don tuairim ó Choiste ⌫~~Tar éis dóibh dul i gcomhairle le Coiste~~ na Réigiún,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ⌦ ngnáthnós imeachta reachtach ⌫~~nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 251 den Chonradh[6]~~,

De bharr an méid seo a leanas:

⇩ nua

(1) Ba chóir roinnt athruithe substaintiúla a dhéanamh ar Rialachán (CE) Uimh. 689/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Meitheamh 2008 maidir le ceimiceáin chontúirteacha a onnmhairiú agus a allmhairiú[7]. Ar mhaithe le soiléire, ba chóir Rialachán (CE) Uimh. 689/2008 a athmhúnlú.

---

5 ~~IO C 175, 27.7.2007, lch. 40.~~

6 ~~Tuairim ó Pharlaimint na hEorpa an 15 Eanáir 2008 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus Cinneadh ón gComhairle an 5 Meitheamh 2008.~~

7 IO L 204, 31.7.2008, lch. 1.

↓689/2008 aithris (1)

(2~~1~~) Le Rialachán (CE) Uimh. 689/2008 ~~304/2003~~ ~~ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2003 maidir le ceimiceáin chontúirteacha a onnmhairiú agus a allmhairiú~~[8] cuirtear~~eadh~~ i bhfeidhm Coinbhinsiún Rotterdam ar an nós imeachta i dtaobh toiliú feasach a chur in iúl roimh ré le haghaidh ceimiceán guaiseach agus lotnaidicídí áirithe sa trádáil idirnáisiúnta[9], dá ngairtear "an Coinbhinsiún" anseo feasta, a tháinig i bhfeidhm an 24 Feabhra 2004, agus glacann sé ionad Rialachán (CE) Uimh. 304/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2003 maidir le ceimiceáin chontúirteacha a onnmhairiú agus a allmhairiú[10] ~~is é a ghabh ionad Rialachán (CEE) Uimh. 2455/92 ón gComhairle an 23 Iúil 1992 maidir le ceimiceáin chontúirteacha áirithe a onnmhairiú agus a allmhairiú~~[11].

↓689/2008 aithris (2)

~~(2) Chuir Cúirt Bhreithiúnais na gComhphobal Eorpach Rialachán (CE) Uimh. 304/2003 ar neamhní ina breithiúnas ar Chás C-178/03 (an Coimisiún v. an Pharlaimint agus an Chomhairle)[12] an 10 Eanáir 2006 toisc gur ar Airteagal 175(1) amháin den Chonradh a bunaíodh an Rialachán agus rialaigh sí gurb iad Airteagal 133 agus Airteagal 175(1) araon bunúis dlí iomchuí. Rialaigh an Chúirt chomh maith, áfach, go leanfadh éifeachtaí an Rialacháin go dtí go ndéanfaí Rialachán nua a bheadh bunaithe ar bhunúis dlí iomchuí a ghlacadh laistigh de thréimhse réasúnta. Tugtar le tuiscint uaidh sin freisin nach gá oibleagáidí a comhlíonadh cheana faoi Rialachán (CE) Uimh. 304/2003 a chur i gcrích arís.~~

⇩nua

(3) Ar chúiseanna soiléire agus comhréireachta le reachtaíocht ábhartha eile de chuid an Aontais, ba chóir sainmhínithe áirithe a thabhairt isteach nó a shoiléiriú agus ba chóir an téarmaíocht a ailíniú leis an téarmaíocht a úsáidtear i Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH), lena gcruthaítear Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán agus lena leasaítear Treoir 1999/45/CE agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 793/93 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1488/94 ón gCoimisiún chomh maith le Treoir 76/769/CEE ón gComhairle agus Treoracha 91/155/CEE, 93/67/CEE, 93/105/CE agus 2000/21/CE ón gCoimisiún[13], ar thaobh amháin, agus Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán, agus lena leasaítear

---

8 ~~IO L 63, 6.3.2003, lch. 1. Rialachán arna leasú go deireanach le Rialachán (CE) Uimh. 1376/2007 (IO L 307, 24.11.2007, lch. 14).~~
9 IO L 63, 6.3.2003, lch. 29.
10 IO L 63, , 6.3.2003, lch. 1
11 ~~IO L 251, 29.8.1992, lch. 13. Rialachán arna leasú go deireanach le Rialachán (CE) Uimh. 300/2002 (IO L 52, 22.2.2002, lch. 1).~~
12 ~~CBE [2006], I-107~~
13 IO L 396, 30.12.2006, lch. 1.

agus lena n-aisghairtear Treoir 67/548/CEE agus Treoir 1999/45/CE, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006[14], ar an taobh eile.

---

↓689/2008 aithris (3)

(3) ~~I gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 304/2003, chuir an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus faoi bhráid na Comhairle maidir le hoibriú Rialacháin (CE) Uimh. 304/2003 ó 2003 go 2005. Bhí rath ar fheidhmiú na nósanna imeachta go ginearálta. Aithnítear sa tuarascáil, áfach, go ndealraíonn sé go bhfuil gá le roinnt leasuithe teicniúla. Is iomchuí, dá bhrí sin, na heilimintí sin a ionchorprú sa Rialachán seo.~~

---

↓689/2008 aithris (4) (oiriúnaithe)
⇨nua

(4) Leis an gCoinbhinsiún tugtar cead do Pháirtithe gníomhú ar bhealach atá níos déine ó thaobh cosaint a thabhairt do shláinte an duine agus don chomhshaol ná mar a éilítear sa Choinbhinsiún, ar choinníoll go mbeadh gníomh den sórt sin ag luí le forálacha an Choinbhinsiúin agus go mbeadh sé i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta. Chun ~~Ionas nach lagófar an~~ leibhéal cosanta ⇨ níos airde a áirithiú ⇦ ~~thugtar~~ ⌦ le haghaidh ⌫ ~~don~~ chomhshaol agus ~~do~~ phobal ginearálta na dtíortha allmhairíochta ~~faoi Rialachán (CEE) Uimh. 2455/92~~, is gá agus is iomchuí breis a dhéanamh ná mar a fhoráiltear i bhforálacha an Choinbhinsiúin i dtaobh nithe áirithe.

---

↓689/2008 aithris (5)

(5) Maidir le rannpháirtíocht an Aontais ~~Chomhphobail~~ sa Choinbhinsiún, tá sé riachtanach go mbeadh pointe teagmhála amháin ann d'idirghníomhaíocht an Aontais ~~Chomhphobail~~ leis an Rúnaíocht agus le Páirtithe eile sa Choinbhinsiún mar aon le tíortha eile. Ba chóir go bhfeidhmeodh an Coimisiún mar an pointe teagmhála sin.

---

⇩nua

(6) Is gá a áirithiú go mbainisteofar agus go gcomhordófar go héifeachtúil gnéithe teicniúla agus riaracháin an Rialacháin seo ar leibhéal an Aontais. Tá an inniúlacht agus taithí ag an nGníomhaireacht Eorpach Ceimiceán ("an Ghníomhaireacht") a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 reachtaíocht an Aontais maidir le ceimiceáin agus comhaontuithe idirnáisiúnta maidir le ceimiceáin a chur chun feidhme. Ba chóir don Ghníomhaireacht, dá bhrí sin, cúraimí a dhéanamh i dtaca le gnéithe teicniúla, eolaíocha agus riaracháin chur chun feidhme an Rialacháin seo agus i dtaca le malartú faisnéise. Ina theannta sin, ba chóir don Ghníomhaireacht tacaíocht a thabhairt don Choimisiún oibleagáidí idirnáisiúnta an Aontais faoin gCoinbhinsiún a chur chun feidhme.

---

[14] IO L 353, 31.12.2008, lch. 1

↓689/2008 aithris (12) (oiriúnaithe)
⇨nua

(7) ⇨ Ós rud é gur chóir cúraimí áirithe de chuid an Choimisiúin a aistriú chuig an nGníomhaireacht, ba chóir don Ghníomhaireacht an Bunachar Sonraí Eorpach maidir le hOnnmhairiú agus Allmhairiú Ceimiceán Contúirteach ⇦ ~~Is uirlis thábhachtach é an bunachar sonraí~~ atá bunaithe ag an gCoimisiún ⇨ a fhorbairt agus a chothabháil tuilleadh. ⇦~~, ar chóir dó bheith mar bhonn taca d'fheidhmiú agus do rialú an Rialacháin seo.~~

↓689/2008 aithris (6) (oiriúnaithe)

(8~~6~~) Ní mór go leanfadh onnmhairiú ceimiceán contúirteach a gcuirtear toirmeasc nó srian mór orthu laistigh den Aontas ~~Chomhphobal~~ de bheith faoi réir nós imeachta chomhchoitinn um fhógra onnmhairíochta. Dá réir sin, cibé an bhfuil na ceimiceáin chontúirteacha i bhfoirm substaintí ina n-aonar nó ⌦ i meascáin ⌫ ~~in ullmhóidí~~ nó in earraí ar chuir an tAontas ~~Comhphobal~~ toirmeasc nó srian mór orthu mar tháirgí cosanta plandaí, mar fhoirmeacha eile lotnaidicídí nó mar cheimiceáin thionsclaíocha lena n-úsáid ag úsáideoirí gairmiúla nó ag an bpobal, ba chóir iad a chur faoi réir rialacha um fhógra onnmhairíochta a bheidh comhchosúil leis na rialacha atá infheidhme maidir le ceimiceáin den sórt sin nuair a chuirtear toirmeasc nó srian mór orthu laistigh de cheann amháin nó den dá cheann de na catagóirí úsáide a leagtar síos sa Choinbhinsiún, eadhon mar lotnaidicídí nó mar cheimiceáin d'úsáid thionsclaíoch. Fairis sin, ní mór go dtiocfadh ceimiceáin atá faoi réir nós imeachta idirnáisiúnta um thoiliú feasach a chur in iúl roimh ré (PIC) faoi réir na rialacha céanna freisin. Ba chóir go mbeadh feidhm ag an nós imeachta sin um fhógra onnmhairíochta maidir le haon onnmhairiú ón Aontas ~~gComhphobal~~ chuig triú tíortha cibé an Páirtithe iad sa Choinbhinsiún nó an bhfuil siad rannpháirteach ina nósanna imeachta. Ba chóir go gceadófaí do na Ballstáit táillí riaracháin a ghearradh, d'fhonn a gcostais a ghlanadh agus an nós imeachta sin á sheoladh acu.

↓689/2008 aithris (7)

(9~~7~~) Ba chóir go mbeadh dualgas ar onnmhaireoirí agus ar allmhaireoirí faisnéis a thabhairt maidir le cainníochtaí na gceimiceán sa trádáil idirnáisiúnta a fholaítear leis an Rialachán seo ionas go bhféadfaí monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar thionchar agus ar éifeachtúlacht na socruithe a leagtar síos sa Rialachán seo.

↓689/2008 aithris (8)

(10~~8~~) Ba chóir go gcuirfeadh an Coimisiún fógraí faoi bhráid Rúnaíocht an Choinbhinsiúin i dtaobh gníomhaíochtaí rialaitheacha críochnaitheacha de chuid an Aontais ~~Chomhphobail~~ nó na mBallstát lena gcuirtear toirmeasc nó srian mór ar cheimiceáin d'fhonn iad a chuimsiú sa nós imeachta idirnáisiúnta PIC agus ba chóir go mbainfeadh na fógraí sin leis na cásanna sin a chomhlíonann na critéir a leagtar síos sa Choinbhinsiún i ndáil leis sin. Ba chóir go lorgófaí faisnéis bhreise chun tacú le fógraí den sórt sin nuair is gá.

▼689/2008 aithris (9)

(119) I gcásanna nach gcáileoidh gníomhaíochtaí rialaitheacha críochnaitheacha de chuid an Aontais Chomhphobail nó na mBallstát d'fhógra toisc nach gcomhlíonann siad na critéir, ba chóir faisnéis faoi na gníomhaíochtaí a chur in iúl do Rúnaíocht an Choinbhinsiúin agus do Pháirtithe eile sa Choinbhinsiún ar mhaithe le malartú faisnéise.

▼689/2008 aithris (10)

(1210) Is gá a áirithiú chomh maith go ndéanfaidh an tAontas Comhphobal cinntí i ndáil le hallmhairiú ceimiceán isteach san Aontas sa Chomhphobal a bheidh faoi réir an nós imeachta idirnáisiúnta PIC. Ba chóir go mbunófaí na cinntí sin ar reachtaíocht infheidhme an Aontais Chomhphobail agus ba chóir go ndéanfaí aon toirmeasc nó aon srian mór a fhorchuirfidh na Ballstáit a chur san áireamh. I gcás ina ndlífear sin, ba chóir go mbeartófaí leasuithe ar reachtaíocht an Aontais Chomhphobail.

▼689/2008 aithris (11)

(1311) Tá gá le socruithe chun a áirithiú go mbeidh na Ballstáit agus na honnmhaireoirí ar an eolas maidir le cinntí na dtíortha allmhairíochta i ndáil le ceimiceáin atá faoi réir an nós imeachta idirnáisiúnta PIC agus go gcomhlíonfaidh na honnmhaireoirí na cinntí sin. Fairis sin, d'fhonn aon onnmhairithe nach dteastaíonn a chosc, níor chóir go n-onnmhaireofaí aon cheimiceán a bheidh faoi thoirmeasc nó faoi shrian mór san Aontas sa Chomhphobal a thiocfaidh le critéir an Choinbhinsiúin nó a chumhdófar faoin nós imeachta idirnáisiúnta PIC, murar lorgaíodh toiliú sainráite ón tír allmhairíochta lena mbaineann agus mura bhfuarthas an toiliú sin, cibé an Páirtí sa Choinbhinsiún í an tír sin nó nach ea. San am céanna, is iomchuí tarscaoileadh ón oibleagáid sin i ndáil le honnmhairiú ceimiceán áirithe chuig tíortha ar comhaltaí den Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE) iad, ar choinníoll go gcomhlíonfar coinníollacha áirithe. Fairis sin, tá nós imeachta de dhíth chun déileáil leis na cásanna sin nach bhfaighfear freagairt ón tír allmhairíochta in ainneoin gach iarracht réasúnta, ionas go bhféadfar dul ar aghaidh le honnmhairiú ceimiceán áirithe ar bhonn sealadach faoi choinníollacha a bheidh sonraithe. Tá sé riachtanach chomh maith go ndéanfaí foráil d'athbhreithniú tréimhsiúil ar gach cás den sórt sin agus ar na cásanna sin ina bhfaighfear toiliú sainráite.

▼689/2008 aithris (13)

(1413) Tá sé tábhachtach chomh maith go mbeadh seilfré leordhóthanach ag na ceimiceáin uile a onnmhairítear ionas go bhféadfar iad a úsáid go héifeachtúil agus go sábháilte. Go háirithe maidir le lotnaidicídí, agus go mór mór na lotnaidicídí a onnmhairítear chuig tíortha atá i mbéal forbartha, tá sé riachtanach go gcuirfí faisnéis chuí ar fáil maidir le coinníollacha stórála iomchuí agus go n-úsáidfí pacáistiú oiriúnach agus coimeádáin de thoirt oiriúnach ionas go seachnófaí stoic chríona.

🡻689/2008 aithris (14)

(15~~14~~) Ní thagann earraí ina bhfuil ceimiceáin faoi raon feidhme an Choinbhinsiúin. Dá ainneoin sin, maidir le hearraí ina bhfuil ceimiceáin a d'fhéadfaí a scaoileadh faoi choinníollacha áirithe úsáide nó faoi choinníollacha áirithe diúscartha agus atá faoi thoirmeasc nó faoi shrian mór san Aontas ~~sa Chomhphobal~~ laistigh de chatagóir úsáide amháin nó níos mó a leagtar síos sa Choinbhinsiún nó atá faoi réir an nós imeachta idirnáisiúnta PIC, tá an chuma air gur cuí go mbeidís freisin faoi réir na rialacha maidir le fógra onnmhairíochta a thabhairt. Fairis sin, níor chóir ceimiceáin áirithe ná earraí áirithe a bhfuil ceimiceáin shonracha iontu nach dtagann faoi raon feidhme an Choinbhinsiúin ach atá ina n-údar imní faoi leith a onnmhairiú ar chor ar bith.

---

🡻689/2008 aithris (15)

(16~~15~~) I gcomhréir leis an gCoinbhinsiún, ba chóir faisnéis maidir le gluaiseachtaí idirthurais ceimiceán atá faoi réir an nós imeachta idirnáisiúnta PIC a sholáthar do na Páirtithe sa Choinbhinsiún a iarrfaidh faisnéis den sórt sin.

---

🡻689/2008 aithris (16)
⇨nua

(17~~16~~) Ba chóir go mbeadh feidhm ag rialacha an Aontais ~~Chomhphobail~~ maidir le pacáistiú agus lipéadú agus maidir le faisnéis sábháilteachta eile a bhaineann le ceimiceáin chontúirteacha nuair a bheartaítear iad a onnmhairiú chuig Páirtithe agus chuig tíortha eile ach amháin dá mbeadh na forálacha sin contrártha le ceanglais shonracha na dtíortha sin agus na caighdeáin ábhartha idirnáisiúnta á gcur san áireamh. ⇨Chun éifeachtúlacht iomlán an Rialacháin seo a áirithiú, ba chóir feidhm a bheith ag na rialacha sin maidir le ceimiceáin atá faoi maoirseacht custaim d'fhonn iad a ath-onnmhairiú, freisin. Ós rud é gur bunaíodh forálacha nua maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008, ba chóir tagairt don Rialachán sin a chur isteach. ⇦

---

🡻689/2008 aithris (17) (oiriúnaithe)
⇨ nua

(18~~17~~) D'fhonn rialú éifeachtúil agus forfheidhmiú éifeachtúil na rialacha a áirithiú, ba chóir go n-ainmneodh na Ballstáit údaráis ar nós údarás custaim ar chóir an fhreagracht a bheith orthu as rialú a dhéanamh ar onnmhairiú agus ar allmhairiú ceimiceán a fholaítear leis an Rialachán seo. Tá eochair-ról ag an gCoimisiún agus ag na Ballstáit agus ba chóir go ngníomhóidís ar bhealach dírithe agus comhordaithe. Ba chóir do na Ballstáit foráil a dhéanamh do smachtbhannaí iomchuí i gcás sáruithe.

(19) ⌦Chun⌫ ~~D'fhonn~~ rialú custaim a éascú~~,~~ agus an t-ualach riaracháin d'onnmhaireoirí agus d'údaráis araon a laghdú, ba chóir córas cód a bhunú ~~lena ndaingneofar comhlíonadh na rialacha~~ a bheidh le húsáid i ndearbhuithe onnmhairíochta. ⇨Ba chóir na cóid a úsáid freisin i gcás ceimiceán arna n-onnmhairiú chun críche taighde nó anailíse i gcainníochtaí nach dealraitheach go ndéanfaidís difear do shláinte ná don chomhshaol, agus in aon chás, nach mó a méid ná 10 kg in

aghaidh na bliana. ⇦ ~~Ba chóir foráil d'idirthréimhse ghearr d'fhonn deis a thabhairt do na páirtithe uile dul i dtaithí ar an gcóras sin sula mbeidh sé éigeantach.~~

---

↓ 689/2008 aithris (18)

(20~~18~~) Ba chóir malartú faisnéise, comhroinnt freagrachta agus iarrachtaí comhoibritheacha idir an tAontas ~~Comhphobal~~ agus na Ballstáit agus tríú tíortha a chur chun cinn d'fhonn bainistíocht shlán ceimiceán a áirithiú cibé an bhfuil na triú tíortha sin ina bPáirtithe sa Choinbhinsiún nó nach bhfuil. Ba chóir, go háirithe, don Choimisiún agus do na Ballstáit cúnamh teicniúil a sholáthar go díreach do thíortha atá i mbéal forbartha agus do thíortha a bhfuil a ngeilleagair ag athrú nó ba chóir dóibh cúnamh a sholáthar go hindíreach trí thacaíocht a thabhairt do thionscnaimh de chuid eagraíochtaí neamhrialtasacha, go háirithe cúnamh arb é is aidhm dó a chur ar chumas na dtíortha sin an Coinbhinsiún a chur chun feidhme.

---

↓ 689/2008 aithris (19)
⇨ nua

(21~~19~~) Ba chóir go ndéanfaí monatóireacht thráthrialta ar oibríocht na nósanna imeachta má tá siad chun a bheith éifeachtúil. Chuige sin, ba chóir do na Ballstáit ⇨ agus don Ghníomhaireach ⇦ tuarascálacha a chur faoi bhráid an Choimisiúin go tráthrialta, agus ba chóir don Choimisiún tuarascálacha a chur chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle go tráthrialta.

---

↓ 689/2008 aithris (20)
⇨ nua

(22~~20~~) Ba chóir ⇨ don Ghníomhaireach ⇦ nótaí teicniúla treorach a tharraingt suas chun cuidiú leis na húdaráis inniúla, lena n-áirítear údaráis ar nós údarás custaim a rialaíonn onnmhairithe, ⇨ onnmhaireoirí agus allmhaireoir ⇦ agus an Rialachán seo á chur i bhfeidhm.

---

↓ 689/2008 aithris (22)
(oiriúnaithe)
⇨ nua

(23~~22~~) Ba chóir~~, go háirithe,~~ go dtabharfaí de chumhacht don Choimisiún ⇨ gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh i leith na nithe seo a leanas: modhnuithe ar na liostaí ceimiceán in Iarscríbhinn I, ⇦ ~~bearta a ghlacadh chun ceimiceán a áireamh i gCuid 1 nó i gCuid 2 d'Iarscríbhinn I tar éis gnímh rialaithigh chríochnaithigh ar leibhéal an Chomhphobail,~~ ~~bearta a ghlacadh chun~~ ceimiceán atá faoi réir Rialachán (CE) Uimh. 850/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le truailleáin orgánacha bhuanmharthanacha[15] ⌦ a chur isteach ⌫ i gCuid 1 d'Iarscríbhinn V, ~~bearta a ghlacadh chun Iarscríbhinn I a leasú, lena n-áirítear modhnuithe ar iontrálacha atá ann cheana,~~ ~~bearta a ghlacadh chun~~ ceimiceán atá faoi réir cheana ag toirmeasc ar

---

15 IO L 158, 30.4.2004, lch. 7. ~~Rialachán arna leasú go deireanach le Rialachán (CE) Uimh. 323/2007 (IO L 85, 27.3.2007, lch. 3).~~

onnmhairíocht ar leibhéal an Aontais Chomhphobail ⌦ a chur isteach ⌫ i gCuid 2 d'Iarscríbhinn V, ⌦ modhnuithe ar ⌫ bearta a ghlacadh chun Iarscríbhinní II, III, IV agus VI a leasú, agus ⌦ modhnuithe ar ⌫ bearta a ghlacadh chun na hiontrálacha atá cheana in Iarscríbhinn V a mhodhnú. . Ós tharla go bhfuil raon feidhme ginearálta ag na bearta sin agus go gceapfar iad chun eilimintí neamhriachtanacha den Rialachán seo a leasú, caithfear iad a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá bhforáiltear in Airteagal 5a de Chinneadh 1999/468/CE,

---

🡻 689/2008 aithris (21) (oiriúnaithe)
⇨ nua

(2421) ⇨Chun dálaí aonfhoirmeacha a áirithiú ⇦ Ba chóir na bearta is gá a ghlacadh chun an Rialachán seo a chur chun feidhme i gcomhréir le Cinneadh 1999/468/CE ón gComhairle an 28 Meitheamh 1999 ag leagan síos na rialacha mionsonraithe maidir le feidhmiú na g ⌦ ba chóir ⌫ cumhachtaí cur chun ⌦ feidhme a thabhairt ⌫ arna dtabhairt don Choimisiún[16]. ⇨Ba chóir na cumhachtaí sin a chleachtadh i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus prionsabail ghinearálta a bhaineann le meicníochtaí le haghaidh rialú na mBallstát ar fheidhmiú a chumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún[17]. ⇦

---

⇩ nua

(25) I gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta mar atá leagtha amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, ní féidir leis na Ballstáit na cuspóirí a bhaint amach go leordhóthanach mar atá cur chun feidhme comhtháite agus éifeachtúil oibleagáidí an Aontais faoin gCoinbhinsiún, agus dá bhrí sin, is fearr is féidir leis an Aontas iad a bhaint amach, mar gheall ar an riachtanas rialacha maidir le hallmhairithe agus le honnmhairithe ceimiceán a chomhchuibhiú. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, mar atá leagtha amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a bhaint amach.

---

⇩ nua

(26) Ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 689/2008 a aisghairm.

---

⇩ nua

(27) Is iomchuí foráil a dhéanamh maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo a iarchur ionas go mbeidh dóthain ama ag an nGníomhaireacht a ról nua a ullmhú agus ag lucht an tionscail eolas a chur ar na nósanna imeachta nua.

---

[16] IO L 184, 17.07.1999, lch. 23. Cinneadh arna leasú le Cinneadh 2006/512/CE (IO L 200, 22.7.2006, lch. 11).

[17] IO L 55, 28.2.2011, lch. 13.

| ➔ 689/2008 |
|---|

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

| ➔ 689/2008 Airteagal 1<br>⇨ nua |
|---|

*Airteagal 1*
*Cuspóirí*

1. Is iad seo a leanas cuspóirí an Rialacháin seo:

(a) Coinbhinsiún Rotterdam ar an Nós Imeachta i dTaobh Toiliú Feasach a chur in iúl Roimh Ré le haghaidh Ceimiceán Guaiseach agus Lotnaidicídí áirithe sa Trádáil Idirnáisiúnta, dá ngairfear 'an Coinbhinsiún' anseo feasta, a chur chun feidhme;

(b) comhfhreagracht agus iarrachtaí comhoibritheacha a chur chun cinn maidir le gluaiseacht ceimiceán guaiseach d'fhonn sláinte an duine agus an comhshaol a chosaint ar aon díobháil a d'fhéadfadh tarlú;

(c) rannchuidiú le slánúsáid ceimiceán guaiseach ó thaobh an chomhshaoil de.

Bainfear amach na cuspóirí dá dtagraítear sa chéad fhomhír trí mhalartú faisnéise maidir le saintréithe ceimiceán den sórt sin a éascú, trí fhoráil do phróiseas cinnteoireachta laistigh den Aontas ~~Chomhphobal~~ maidir lena n-onnmhairiú agus lena n-allmhairiú agus trí chinntí a leathadh ar Pháirtithe agus ar thíortha eile de réir mar is iomchuí.

2. I dteannta na gcuspóirí dá dtagraítear i mír 1, áiritheoidh an Rialachán seo go mbeidh feidhm ag forálacha ~~Threoir 67/548/CEE ón gComhairle[18] agus forálacha~~ Threoir 1999/45/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[19] ~~maidir le haiemiú, le pacáistiú agus le lipéadú ceimiceán atá contúirteach~~ ~~don duine nó don chomhshaol nuair a chuirfear ar an margadh sa Chomhphobal iad agus go mbeidh feidhm ag na forálacha sin~~ ⇨ agus, más infheidhme, Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⇦ maidir le gach ceimiceán den sórt sin nuair a onnmhaireofar ó na Ballstáit chuig Páirtithe eile nó chuig tíortha eile iad, mura mbeadh na forálacha sin ar neamhréir le haon cheanglas sonrach de chuid na bPáirtithe sin nó de chuid na dtíortha eile.

18 ~~Treoir 67/548/CEE ón gComhairle an 27 Meitheamh 1967 maidir le comhfhogasú dlíthe, rialachán agus forálacha riaracháin i ndáil le haiemiú, le pacáistiú agus le lipéadú substaintí contúirteacha (IO 196, 16.8.1967, lch. 1). Treoir arna leasú go deireanach le Treoir 2006/121/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 396, 30.12.2006, lch. 850). Leagan ceartaithe in IO L 136, 29.5.2007, lch. 281.~~

19 ~~Treoir 1999/45/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Bealtaine 1999 maidir le comhfhogasú dhlíthe, rialacháin agus fhorálacha riaracháin na mBallstát i ndáil le haiemiú, le pacáistiú agus le lipéadú ullmhóidí contúirteacha (~~IO L 200, 30.7.1999, lch. 1~~)~~. ~~Treoir arna leasú go deireanach le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 (IO L 396, 30.12.2006, lch. 1). Leagan ceartaithe in IO L 136, 29.5.2007, lch. 3.~~

| |
|---|
| ➔ 689/2008 Airteagal 2<br>⇨ nua |

*Airteagal 2*
*Raon feidhme*

1. Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir leis na nithe seo a leanas:

(a) ceimiceáin ghuaiseacha áirithe atá faoi réir an nós imeachta um thoiliú feasach a chur in iúl roimh ré faoin gCoinbhinsiún, dá ngairfear 'an nós imeachta PIC' anseo feasta;

(b) ceimiceáin ghuaiseacha áirithe a gcuirtear toirmeasc nó srian mór orthu laistigh den Aontas ~~Chomhphobal~~ nó laistigh de Bhallstát;

(c) ceimiceáin atá á n-onnmhairiú a mhéid a bhaineann lena n-aicmiú, lena bpacáistiú agus lena lipéadú.

2. Ní bheidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le haon cheann de na nithe seo a leanas:

(a) drugaí támhshuanacha agus substaintí síceatrópacha a fholaítear le Rialachán (CE) Uimh. 111/2005 ón gComhairle[20] ~~an 22 Nollaig 2004 lena leagtar síos rialacha chun monatóireacht a dhéanamh ar an trádáil i réamhtheachtaithe drugaí idir an Comhphobal agus tríú tíortha~~;

(b) ábhair radaighníomhacha agus substaintí radaighníomhacha a fholaítear le Treoir 96/29/Euratom ón gComhairle[21] ~~an 13 Bealtaine 1996 lena leagtar síos caighdeáin bhunúsacha sábhailteachta chun sláinte oibrithe agus an phobail i gcoitinne a chosaint ar na contúirtí a éiríonn as radaíocht ianúcháin~~;

(c) fuíll a fholaítear le Treoir 2006/12/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[22] ~~an 5 Aibreán 2006 maidir le dramhaíl~~ agus le Treoir 91/689/CEE ón gComhairle[23] ~~an 12 Nollaig 1991 maidir le dramhaíl ghuaiseach~~;

(d) airm cheimiceacha a fholaítear le Rialachán (CE) Uimh. 1334/2000 ón gComhairle[24] ~~an 22 Meitheamh 2002 lena mbunaítear córas Comhphobail chun onnmhairiú ítimí agus teicneolaíochtaí dé-úsáide a rialú~~;

(e) bia agus breiseáin bia a fholaítear le Rialachán (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[25] ~~an 29 Aibreán 2004 maidir le~~

---

[20] IO L 22, 26.1.2005, lch. 1.
[21] IO L 159, 29.6.1996, lch. 1.
[22] IO L 114, 27.4.2006, lch. 9.
[23] IO L 377, 31.12.1991, lch. 20. ~~Treoir arna leasú go deireanach le Rialachán (CE) Uimh. 166/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 33, 4.2.2006, lch. 1).~~
[24] IO L 159, 30.6.2000, lch. 1. ~~Rialachán arna leasú go deireanach le Rialachán (CE) Uimh. 1183/2007 (IO L 278, 22.10.2007, lch. 1).~~
[25] IO L 165, 30.4.2004, lch. 1. ~~Leagan ceartaithe in IO L 191, 28.5.2004, lch. 1. Rialachán arna leasú go deireanach le Rialachán (CE) Uimh. 301/2008 ón gComhairle (IO L 97, 9.4.2008, lch. 85).~~

~~feidhmiú rialuithe oifigiúla chun fíorú chomhlíonadh dlí beatha agus bia, rialacha sláinte ainmhithe agus rialacha leasa ainmhithe a áirithiú~~;

(f) bianna ainmhithe a fholaítear le Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[26] ~~an 28 Eanáir 2002 lena leagtar síos prionsabail ghinearálta agus ceanglais ghinearálta an dlí bia, lena mbunaítear an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus lena leagtar síos nósanna imeachta in ábhair sábháilteachta bia,~~ lena n-áirítear breiseáin, cibé an bhfuil siad próiseáilte, páirtphróiseáilte nó neamhphróiseáilte, arna gceapadh mar chothú de bhéal le haghaidh ainmhithe;

(g) orgánaigh ghéinathraithe a fholaítear le Treoir 2001/18/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[27] ~~an 12 Márta 2001 maidir le horgánaigh ghéinathraithe a scaoileadh amach go toiliúil sa chomhshaol~~;

(h) ach amháin a mhéid a fholaítear le hAirteagal 3(5~~4~~)(b) den Rialachán seo, táirgí íocshláinte dílseánaigh agus tairgí míochaine tréidliachta a fholaítear le Treoir 2001/83/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[28] ~~an 6 Samhain 2001 maidir leis an gcód Comhphobail a bhaineann le táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine~~ agus le Treoir 2001/82/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[29] ~~an 6 Samhain 2001 maidir leis an gcód Comhphobail a bhaineann le táirgí íocshláinte tréidliachta;~~.

3. ~~(i)~~ ⇨Ní bheidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le ⇦ ceimiceáin i gcainníochtaí nach dócha a dhéanfaidh difear don tsláinte ná don chomhshaol, agus in aon chás, nach mó a méid ná 10 kg ⇨ in aghaidh na bliana, in aghaidh an onnmhaireora agus in aghaidh na tíre allmhairíochta ⇦, ar choinníoll gur chun críocha taighde nó anailíse a allmhaireofar nó a onnmhaireofar iad.

⇨Gheobhaidh allmhaireoirí ceimiceán dá dtagraítear sa chéad fhomhír, áfach, uimhir thagartha sainaitheantais agus soláthróidh siad í i gcomhréir le mír 2 agus mír 3 d'Airteagal 19. ⇦

---

| 🡣 689/2008 Airteagal 3 (oiriúnaithe)<br>⇨ nua |
|---|

*Airteagal 3*
*Sainmhínithe*

Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

---

26 IO L 31, 1.2.2002, lch. 1. ~~Rialachán arna leasú go deireanach le Rialachán (CE) Uimh. 575/2006 ón gCoimisiún (IO L 100, 8.4.2006, lch. 3).~~

27 IO L 106, 17.4.2001, lch. 1. ~~Treoir arna leasú go deireanach le Treoir 2008/27/CE (IO L 81, 20.03.2008, lch. 45).~~

28 IO L 311, 28.11.2001, lch. 67. ~~Treoir arna leasú go deireanach le Treoir 2008/29/CE (IO L 81, 20.03.2008, lch. 51).~~

29 IO L 311, 28.11.2001, lch. 1. ~~Treoir arna leasú go deireanach le Treoir 2004/28/CE (IO L 136, 30.4.2004, lch. 58).~~

1. ciallaíonn ‘ceimiceán’ substaint mar a shainmhínítear i dTreoir 67/548/CEE, cibé ⌦ acu ⌫ is ina haonar atá sí nó ⌦ i meascán ⌫ in ullmhóid, nó cibé is ⌦ meascán ⌫ ullmhóid í, cibé ⌦ acu ⌫ a monaraíodh í nó is ón nádúr a fuarthas í, ach nach n-áirítear leis sin orgánaigh bheo, agus a bhaineann le ceann de na catagóirí seo a leanas:

(a) lotnaidicídí, lena n-áirítear foirmlí lotnaidicídí atá thar a bheith guaiseach;

(b) ceimiceáin thionsclaíocha;

2. ⇨ciallaíonn 'substaint' aon dúil cheimiceach agus a comhdhúile mar a shainmhínítear i bpointe 1 d'Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006; ⇦

3. 2. ciallaíonn ‘ ⌦ meascán ⌫ ullmhóid’ meascán nó tuaslagán ⌦ mar a shainmhínítear i bpointe 8 d'Airteagal 2 de Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ⌫ chomhdhéantar de dhá shubstaint nó níos mó;

4. 3. ciallaíonn ‘earra’ táirge críochnaithe ina bhfuil ceimiceán nó lena n-áirítear ceimiceán ar cuireadh toirmeasc nó srian mór ar a úsáid le reachtaíocht an Aontais Chomhphobail i gcás an táirge áirithe sin ⇨ mura dtagann an táirge faoi phointe 2 nó faoi phointe 3 ⇦ ;

5. 4. ciallaíonn ‘lotnaicídí’ ceimiceáin i gceann de na fochatagóirí seo a leanas:

(a) lotnaidicídí a úsáidtear mar tháirgí cosanta plandaí a fholaítear le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[30] Treoir 91/414/CEE ón gComhairle an 15 Iúil 1991 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh;

(b) lotnaidicídí eile, amhail táirgí bithicíde faoi Threoir 98/8/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[31] an 16 Feabhra 1998 maidir le táirgí bithicíde a chur ar an margadh agus amhail dífhabhtáin, feithidicídí agus seadáinicídí a fholaítear le Treoir 2001/82/CE agus faoi Threoir 2001/83/CE;

6. 5. ciallaíonn ‘ceimiceáin thionsclaíocha’ ceimiceáin i gceann de na fochatagóirí seo a leanas:

(a) ceimiceáin lena n-úsáid ag gairmithe;

(b) ceimiceáin lena n-úsáid ag an bpobal;

7. 6. ciallaíonn ‘ceimiceán atá faoi réir fógra onnmhairíochta’ aon cheimiceán a gcuirtear toirmeasc nó srian mór air laistigh den Aontas Chomhphobal laistigh de chatagóir amháin nó níos mó, nó laistigh d'fhochatagóir amháin nó níos mó, agus aon cheimiceán a liostaítear i gCuid 1 d'Iarscríbhinn I agus atá faoi réir an nós imeachta PIC;

---

30 IO L 309, 24.11.2009, lch. 1.

31 IO L 123, 24.4.1998, lch. 1. Treoir arna leasú go deireanach le Treoir 2008/31/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 81, 20.3.2008, lch. 57).

8. ~~7~~. ciallaíonn 'ceimiceán atá incháilithe le haghaidh fógra PIC a thabhairt' aon cheimiceán a gcuirtear toirmeasc nó srian mór air laistigh den Aontas ~~Chomhphobal~~ nó laistigh de Bhallstát laistigh de chatagóir amháin nó níos mó ná catagóir amháin. Liostaítear na ceimiceáin a gcuirtear toirmeasc nó srian mór orthu san Aontas ~~sa Chomhphobal~~ laistigh de chatagóir amháin nó níos mó i gCuid 2 d'Iarscríbhinn I;

9. ~~8~~. ciallaíonn 'ceimiceán atá faoi réir an nós imeachta PIC' aon cheimiceán a liostaítear in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an gCoinbhinsiún agus i gCuid 3 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo;

10. ~~9~~. ciallaíonn 'ceimiceán a gcuirtear toirmeasc air' ceann de na nithe seo a leanas:

(a) ceimiceán a ndearnadh gach úsáid de laistigh de chatagóir amháin nó níos mó, nó laistigh d'fhochatagóir amháin nó níos mó, a thoirmeasc le gníomh rialaitheach críochnaitheach ón Aontas ~~gComhphobal~~, d'fhonn sláinte an duine a chosaint nó an comhshaol a chaomhnú;

(b) ceimiceán a diúltaíodh a fhormheas le haghaidh úsáide den chéad uair nó ceimiceán a tharraing an tionscal siar ó mhargadh an Aontais ~~Chomhphobail~~ nó óna bhreithniú tuilleadh i bpróiseas fógartha, clárúcháin nó formheasa agus i gcás ina bhfuil fianaise ann gur ábhar imní é an ceimiceán maidir le sláinte an duine nó maidir leis an gcomhshaol;

11. ~~10~~. ciallaíonn 'ceimiceán a gcuirtear srian mór air' ceann de na nithe seo a leanas:

(a) ceimiceán a ndearnadh toirmeasc a chur ar beagnach gach úsáid de laistigh de chatagóir amháin nó níos mó, nó laistigh d'fhochatagóir amháin nó níos mó, le gníomh rialaitheach críochnaitheach ón Aontas ~~gComhphobal~~ d'fhonn sláinte an duine a chosaint nó an comhshaol a chaomhnú, ach a gceadaítear úsáidí sonracha áirithe de i gcónaí;

(v) na cúiseanna atá leis an ngníomh críochnaitheach rialaitheach atá ábhartha maidir le sláinte an duine, lena n-áirítear sláinte tomhaltóirí agus oibrithe, nó maidir leis an gcomhshaol;

(vi) achoimre ar ghuaiseacha nó ar rioscaí an cheimiceáin i dtaca le sláinte an duine, lena n-áirítear sláinte tomhaltóirí agus oibrithe, nó i dtaca leis an gcomhshaol agus an iarmhairt a bhfuiltear ag súil le bheith ag an ngníomh rialaitheach críochnaitheach;

(b) catagóir nó catagóirí ina ndearnadh gníomh rialaitheach críochnaitheach agus do gach catagóir:

(i) úsáid nó úsáidí a thoirmisctear leis an ngníomh rialaitheach críochnaitheach;

(ii) úsáid nó úsáidí a cheadaítear i gcónaí;

(iii) i gcás ina bhfuil sé ar fáil, meastachán ar chainníochtaí an cheimiceáin a táirgeadh, a allmhairíodh, a onnmhairíodh agus a úsáideadh;

(c) a mhéid is féidir, faisnéis maidir le hábharthacht dhóchúil an ghnímh rialaithigh chríochnaithigh maidir le Stáit agus le réigiúin eile;

(d) faisnéis ábhartha eile a d'fhéadfadh na nithe seo a leanas a chumhdach:

(i) measúnú ar iarmhairtí socheacnamaíocha an ghnímh rialaithigh chríochnaithigh;

(ii) i gcás ina bhfuil sí ar fáil, faisnéis faoi roghanna malartacha eile agus faoi na rioscaí gaolmhara, amhail:

– straitéisí comhtháite bainistíochta lotnaidí,

– cleachtais thionsclaíocha agus nósanna imeachta tionsclaíocha, lena n-áirítear teicneolaíocht níos glaine.

# IARSCRÍBHINN V

## Ceimiceáin agus earraí atá faoi réir toirmisc onnmhairíochta

## (dá dtagraítear in Airteagal 15~~14~~)

**CUID 1**

Truailleáin orgánacha bhuanmharthanacha mar a liostaítear iad in Iarscríbhinn A agus in Iarscríbhinn B a ghabhann le Coinbhinsiún Stócólm maidir le Truailleáin Orgánacha Bhuanmharthanacha de réir fhorálacha an Choinbhinsiúin sin.

| Cur síos ar cheimiceáin/earra(í) atá faoi réir toirmisc onnmhairíochta | Sonraí breise, i gcás ina bhfuil siad ábhartha (e.g. ainm an cheimiceáin, Uimh. CE, Uimh. CAS, etc.) | |
|---|---|---|
| | Aildrin | Uimh. CE 206-215-8,<br>Uimh. CAS 309-00-2,<br>Cód AC 29035200 |
| | Clórdán | Uimh. CE 200-349-0,<br>Uimh. CAS 57-74-9,<br>Cód AC 29035200 |
| | Díldrin | Uimh. CE 200-484-5,<br>Uimh. CAS 60-57-1,<br>Cód AC 29104000 |
| | DDT (1,1,1-tríchlóra 2,2-bios (p-clóraifeinil) eatán | Uimh. CE 200-024-3,<br>Uimh. CAS 50-29-3,<br>Cód AC 29036200 |
| | Eindrin | Uimh. CE 200-775-7,<br>Uimh. CAS 72-20-8,<br>Cód AC 29109000 |
| | Heipteaclór | Uimh. CE 200-962-3,<br>Uimh. CAS 76-44-8,<br>Cód AC 29035200 |
| | Heicseaclóraibeinséin | Uimh. CE 200-273-9,<br>Uimh. CAS 118-74-1,<br>Cód AC 29036200 |
| | Miréis | Uimh. CE 219-196-6,<br>Uimh. CAS 2385-85-5,<br>Cód AC 29035980 |

| | | |
|---|---|---|
| | Tocsaiféin (camfaclór) | Uimh. CE 232-283-3,<br>Uimh. CAS 8001-35-2,<br>Cód AC 38085000 |
| | Défheinilí polaclóirínithe (PCBanna) | Uimh. CE 215-648-1 agus cinn eile, Uimh. CAS 1336-36-3 agus cinn eile,<br>Cód AC 29036990 |

**CUID 2**

Ceimiceáin seachas na truailleáin orgánacha bhuanmharthanacha mar a liostaítear iad in Iarscríbhinn A agus in Iarscríbhinn B a ghabhann le Coinbhinsiún Stócólm maidir le Truailleáin Orgánacha Bhuanmharthanacha de réir fhorálacha an Choinbhinsiúin sin.

| Cur síos ar cheimiceáin/earra(í) atá faoi réir toirmisc onnmhairíochta | Sonraí breise, i gcás ina bhfuil siad ábhartha (e.g. ainm an cheimiceáin, Uimh. CE, Uimh. CAS, etc.) |
|---|---|
| Gallúnacha cosmaideacha ina bhfuil mearcair | Cóid AC 34011100, 34011900, 34012010, 34012090, 34013000 |

▼ 689/2008 Iarscríbhinn VI

# IARSCRÍBHINN VI

**Liosta páirtithe sa Choinbhinsiún a éilíonn faisnéis maidir le hidirthurais ceimiceán atá faoi réir an nós imeachta PIC**

**(dá dtagraítear in Airteagal 1615)**

| An Tír | An fhaisnéis a éilítear |
|---|---|
| | |
| | |

## AGUISÍN 1

## TÁBLA COMHGHAOIL

| An Rialachán seo | Rialachán (CE) Uimh. 689/2008 |
|---|---|
| Airteagal 1 | |
| 1.1 | Airteagal 1.1 |
| 1.2 | Airteagal 1.2 |
| Airteagal 2 | |
| 2.1 | Airteagal 2.1 |
| 2.2 | Airteagal 2.2 |
| 2.3 | |
| Airteagal 3 | Airteagal 3 |
| Airteagal 4 | Airteagal 4 |
| Airteagal 5 | |
| 5.1 | Airteagal 5.2 |
| 5.2 | Airteagal 5.3 |
| Airteagal 6 | |
| 6.1 | |
| 6.2 | |
| Airteagal 7 | |
| 7.1 | Airteagal 6.1 |
| 7.2 | Airteagal 6.2 |
| 7.3 | Airteagal 6.3 |
| Airteagal 8 | |
| 8.1 | Airteagal 7.1 |
| 8.2 | Airteagal 7.2 |
| 8.3 | Airteagal 7.3 |
| 8.4 | Airteagal 7.4 |
| 8.5 | Airteagal 7.5 |
| 8.6 | Airteagal 7.6 |
| 8.7 | Airteagal 7.7 |
| 8.8 | Airteagal 7.8 |
| Airteagal 9 | |
| 9.1 | Airteagal 8.1 |
| 9.2 | Airteagal 8.2 |
| Airteagal 10 | |
| 10.1 | Airteagal 9.1 |
| 10.2 | Airteagal 9.2 |
| 10.3 | Airteagal 9.3 |
| Airteagal 11 | |
| 11.1 | Airteagal 10.1 |
| 11.2 | Airteagal 10.2 |
| 11.3 | Airteagal 10.3 |
| 11.4 | Airteagal 10.4 |
| 11.5 | Airteagal 10.5 |
| 11.6 | Airteagal 10.6 |
| 11.7 | Airteagal 10.7 |

| | |
|---|---|
| 11.8 | Airteagal 10.8 |
| Airteagal 12 | Airteagal 11 |
| Airteagal 13 | |
| 13.1 | Airteagal 12.1 |
| 13.2 | Airteagal 12.2 |
| 13.3 | Airteagal 12.3 |
| 13.4 | Airteagal 12.4 |
| 13.5 | Airteagal 12.5 |
| 13.6 | Airteagal 12.6 |
| Airteagal 14 | |
| 14.1 | Airteagal 13.1 |
| 14.2 | Airteagal 13.2 |
| 14.3 | Airteagal 13.3 |
| 14.4 | Airteagal 13.4 |
| 14.5 | Airteagal 13.5 |
| 14.6 | Airteagal 13.6 |
| 14.7 | Airteagal 13.7 |
| 14.8 | Airteagal 13.8 |
| 14.9 | Airteagal 13.9 |
| 14.10 | Airteagal 13.10 |
| 14.11 | Airteagal 13.11 |
| Airteagal 15 | |
| 15.1 | Airteagal 14.1 |
| 15.2 | Airteagal 14.2 |
| Airteagal 16 | |
| 16.1 | Airteagal 15.1 |
| 16.2 | Airteagal 15.2 |
| 16.3 | Airteagal 15.3 |
| 16.4 | Airteagal 15.4 |
| Airteagal 17 | |
| 17.1 | Airteagal 16.1 |
| 17.2 | Airteagal 16.2 |
| 17.3 | Airteagal 16.3 |
| 17.4 | Airteagal 16.4 |
| Airteagal 18 | |
| 18.1 | Airteagal 17.1 |
| 18.2 | |
| 18.3 | Airteagal 17.1 |
| Airteagal 19 | |
| 19.1 | Airteagal 17.2 |
| 19.2 | |
| 19.3 | |
| 19.4 | |
| Airteagal 20 | |
| 20.1 | Airteagal 19.1 |
| 20.2 | Airteagal 19.2 |
| 20.3 | Airteagal 19.3 |
| Airteagal 21 | Airteagal 20 |
| Airteagal 22 | |

| | |
|---|---|
| 22.1<br>22.2<br>22.3 | Airteagal 21.1<br>Airteagal 21.2<br>Airteagal 21.3 |
| Airteagal 23<br>23.1<br>23.2<br>23.3<br>23.4 | <br>Airteagal 22.1<br>Airteagal 22.2<br>Airteagal 22.3<br>Airteagal 22.4 |
| Airteagal 24<br>24.1<br>24.2<br>24.3 | |
| Airteagal 25 | |
| Airteagal 26<br>26.1<br>26.2<br>26.3 | |
| Airteagal 27<br>27.1<br>27.2<br>27.3 | |
| Airteagal 28<br>28.1<br>28.2<br>28.3 | |
| Airteagal 29<br>29.1<br>29.2 | <br>Airteagal 24.1<br>Airteagal 24.2 |
| Airteagal 30 | |
| Airteagal 31 | Airteagal 18 |
| Airteagal 32 | Airteagal 25 |
| Airteagal 33 | Airteagal 26 |
| Iarscríbhinn I | Iarscríbhinn I |
| Iarscríbhinn II | Iarscríbhinn II |
| Iarscríbhinn III | Iarscríbhinn III |
| Iarscríbhinn IV | Iarscríbhinn IV |
| Iarscríbhinn V | Iarscríbhinn V |
| Iarscríbhinn VI | Iarscríbhinn VI |

## RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH LE hAGHAIDH TOGRAÍ

### 1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/AN TIONSCNAIMH

1.1. Teideal an togra/an tionscnaimh

1.2. Réimse/réimsí beartais lena mbaineann i gcreat ABM/ABB

1.3. An cineál togra/tionscnaimh

1.4. Cuspóirí

1.5. Na forais leis an togra/an tionscnamh

1.6. Fad agus tionchar airgeadais

1.7. Modh(anna) bainistíochta atá beartaithe

### 2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

2.1. Rialacha monatóireachta agus tuairiscithe

2.2. Córas bainistíochta agus rialaithe

2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

### 3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

3.1. Ceannteideal/ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus an líne/na línte buiséid ar a n-imrítear tionchar

3.2. An tionchar a mheastar a bheidh ar chaiteachas

*3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh ar chaiteachas*

*3.2.2. An tionchar a mheastar a bheidh ar leithreasaí faoi chomhair oibríochtaí*

*3.2.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar leithreasaí de chineál riaracháin*

*3.2.4. Comhoiriúnacht leis an gcreat airgeadais ilbhliantúil reatha*

*3.2.5. Ranníocaíochtaí ó thriú páirtithe*

3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

## RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH LE hAGHAIDH TOGRAÍ

### 1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

#### 1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

| |
|---|
| Togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceimiceáin chontúirteacha a onnmhairiú agus a allmhairiú |

#### 1.2. Réimsí beartais lena mbaineann i gcreat ABM/ABB[39]

| |
|---|
| Réimse beartais 07 Comhshaol<br><br>Cód gníomhaíochta 07 03: Cur chun feidhme bheartas agus reachtaíocht comhshaoil an Aontais |

#### 1.3. An cineál togra/tionscnaimh

☐ Baineann an togra/tionscnamh le **gníomhaíocht nua**

☐ Baineann an togra/tionscnamh le **gníomhaíocht nua a leanann treoirthionscadal/réamhghníomhaíocht**[40]

☒ Baineann an togra/tionscnamh le **síneadh ar ghníomhaíocht atá ann cheana**

☐ Baineann an togra/tionscnamh le **gníomhaíocht a atreoraíodh i dtreo gníomhaíochta nua**

#### 1.4. Cuspóirí

##### *1.4.1. Cuspóirí straitéiseacha ilbhliantúla an Choimisiúin ar a bhfuil an togra/tionscnamh dírithe*

| |
|---|
| Dírítear ar dhá cheann de chuspóirí straitéiseacha an Choimisiúin leis an togra seo:<br><br>- Riosca a bhainistiú sa saol nua-aimseartha<br><br>- Dlúthpháirtíocht dhomhanda<br><br>trí mhalartú faisnéise le tríú tíortha agus cinnteoireacht náisiúnta tríú tíortha a áirithiú maidir le trádáil substaintí contúirteacha agus meascán contúirteach i gcomhréir le Coinbhinsiún Rotterdam. |

##### *1.4.2. Cuspóirí sonracha agus na gníomhaíochtaí ABM/ABB lena mbaineann*

| |
|---|
| Cuspóir sonrach Uimh..<br><br>**Cáilíocht an chomhshaoil, ceimiceáin agus astaíochtaí tionsclaíocha** |

[39] ABM: Bainistiú de réir gníomhaíochtaí – ABB: Bunú an bhuiséid de réir gníomhaíochtaí.

[40] Mar a thagraítear dó in Airteagal 49(6)(a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

| Gníomhaíochtaí ABM/ABB lena mbaineann |
|---|
| Cód gníomhaíochta 07 03: Cur chun feidhme bheartas agus reachtaíocht comhshaoil an Aontais |

*1.4.3. An toradh agus an tionchar a bhfuil súil leis*

*Sonraigh an tionchar a bheadh ag an togra/tionscnamh ar na tairbhithe/grúpaí ar a bhfuil sé dírithe*

Is é cuspóir an togra Rialachán (CE) Uimh. 689/2008 a athmhúnlú chun an méid seo a leanas a thabhairt i gcuntas:

(1) cur chun feidhme an Chórais Chomhchuibhithe Dhomhanda um Cheimiceáin a Aicmiú agus a Lipéadú i reachtaíocht an Aontais trí Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 a ghlacadh;

(2) bunú na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán ("an Ghníomhaireacht") faoi Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006;

(3) na hathruithe a eascraíonn ó Chonradh Liospóin;

(4) an taithí ón gcur chun feidhme praiticiúil a gnóthaíodh go dtí seo.

Dá bhrí sin, is iad seo a leanas na torthaí/éifeachtaí a bhfuil súil leo:

(1) méadú ar rochtain agus méadú ar thuiscint, go háirithe i gcás tíortha atá i mbéal forbartha, ar fhaisnéis maidir le substaintí contúirteacha atá faoi réir an togra tríd an gCóras Comhchuibhithe Domhanda a chur chun feidhme;

(2) méadú ar shineirgíochtaí le cur chun feidhme REACH agus CLP agus Bithicídí ina dhiaidh sin (féach an togra le haghaidh Rialacháin COIM (2009) 267 nua), trí obair riaracháin, theicniúil agus eolaíoch a aistriú ón gCoimisiún chuig an nGníomhaireacht;

(3) de bharr roinnt leasuithe arna mbeartú, tiocfaidh laghdú ar ualaí riaracháin maidir le honnmhairí atá díolmhaithe ó fhógra onnmhairíochta a thabhairt.

Dá bhrí sin, leanfaidh an togra d'aidhmeanna Choinbhinsiún Rotterdam a chomhlíonadh, eadhon freagracht chomhroinnte agus comh-iarrachtaí a chothú i measc na bPáirtithe i dtrádáil idirnáisiúnta ceimiceán contúirteach chun sláinte an duine agus an comhshaol a chosaint ó dhíobháil a d'fhéadfadh tarlú agus chun cur le húsáid na gceimiceán sin ar bhealach atá fónta ó thaobh an chomhshaoil de. Déantar é sin trí mhalartú faisnéise a éascú maidir lena saintréithe, trí sholáthar do phróiseas cinnteoireachta náisiúnta le haghaidh a n-allmhairithe agus a n-onnmhairithe agus trí na cinntí sin a scaipeadh ar na Páirtithe.

*1.4.4. Táscairí a léiríonn toradh agus tionchar*

*Sonraigh na táscairí a léiríonn monatóireacht ar chur chun feidhme an togra/tionscnaimh*

Amhail an rialachán atá ann faoi láthair, is é aidhm an rialacháin atá beartaithe faisnéis a thabhairt do thríú tíortha agus a gcinneadh maidir le hallmhairiú substaintí arna n-onnmhairiú ón AE, cé go bhfuil toirmeasc nó srian mór ar na substaintí sin san AE, a thabhairt i gcuntas. Dá bhrí sin, is táscairí iad seo a leanas le haghaidh monatóireachta ar chur chun feidhme an togra:

- líon na bhfógraí onnmhairíochta a sheoltar agus líon na bhfógraí allmhairíochta a fhaightear;

- líon na dtoilithe sainráite a iarrtar;

- líon na bhfadhbanna agus an rialachán atá beartaithe á chur chun feidhme a chuirtear in iúl do líonra na n-údarás náisiúnta ainmnithe a chomhordaíonn an Coimisiún;

- líon na sáruithe ar fhorálacha an rialacháin atá beartaithe de réir mar a shainaithníonn na húdaráis náisiúnta forfheidhmiúcháin iad.

Déanfar achoimre ar na táscairí sin sa tuairisciú a dhéanfaidh na Ballstáit, an Ghníomhaireacht agus an Coimisiún.

### 1.5. Na forais leis an togra/tionscnamh

#### *1.5.1. Na ceanglais is gá a shásamh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma*

Is é an príomhcheanglas atá le sásamh Rialachán (CE) Uimh. 689/2008, ina dtagraítear d'fhorálacha sonracha de chuid Threoir 67/548/CEE agus Threoir 1999/45/CE maidir le haicmiú agus lipéadú, a ailíniú leis na forálacha nua maidir le haicmiú agus lipéadú atá leagtha amach i Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008, lena gcuirtear an Córas Comhchuibhithe Domhanda um aicmiú agus lipéadú chun feidhme i Reachtaíocht an Aontais, sa dóigh go mbeidh oibreoirí in ann aon chóras comhsheasmhach amháin d'aicmiú agus lipéadú a chur i bhfeidhm.

Ina theannta sin, le haistriú na gcúraimí ón gCoimisiún chuig an nGníomhaireacht áirithítear timpeallacht níos oiriúnaí don tacaíocht riaracháin, eolaíoch agus theicniúil a theastaíonn ón gcur chun feidhme.

#### *1.5.2. Luach breise a bhaineann le rannpháirteachas an AE*

Ní athraíonn an rialachán atá beartaithe cuspóir ar bith de chuid Rialachán (CE) Uimh. 689/2008 agus dá bhrí sin is ionann luach breise rannpháirteachas an AE sa chás seo agus an luach breise atá ann i gcás an rialacháin atá ann faoi láthair.

Cuirtear freagrachtaí an Aontais de réir mar a comhaontaíodh iad i gCoinbhinsiún Rotterdam chun feidhme le Rialachán (CE) Uimh. 689/2008. Mar gur tuigeadh tráth a glacadh Rialachán (CE) Uimh. 689/2008 gur rialachán ón AE an bealach b'éifeachtúla chun na hoibleagáidí sin a chomhlíonadh.

#### *1.5.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí chosúil roimhe seo*

Léiríonn an taithí a fuarthas agus Rialachán (CE) Uimh. 689/2008 á chur chun feidhme gurb iomchuí leasuithe teicniúla áirithe ar na forálacha oibriúcháin a chur isteach amhail soiléiriú a dhéanamh ar na sainmhínithe ar shubstaint, ar mheascán agus ar earra, agus ar an uimhir thagartha sainaitheantais a cheanglaítear i gcás onnmhairí nach bhfuil faoi réir fógra onnmhairíochta a thabhairt.

Tá Airmheán Comhpháirteach Taighde (JRC) an Choimisiúin ag déanamh na hoibre eolaíche agus teicniúla a bhaineann le Rialachán (CE) Uimh. 689/2008 a chur chun feidhme, toisc go bhfuil sainordú uathúil aige laistigh den Choimisiún tacaíocht eolaíoch agus theicniúil a

sholáthar agus beartais an AE á gcoincheapadh, á bhforbairt agus á gcur chun feidhme agus nuair a dhéantar monatóireacht orthu. Rinne JRC obair eolaíoch agus theicniúil eile i ndáil le ceimiceáin thionsclaíocha cheana (Treoir Uimh. 67/548/CEE, Rialachán (CEE) Uimh. 793/93, Treoir Uimh. 98/8/CE agus Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006), ach aistríodh an obair sin, nó tá sí á haistriú, chuig an nGníomhaireacht in Heilsincí.

Bhí bunú na Gníomhaireachta agus aistriú na gcúraimí ó JRC chuici bunaithe ar staidéar fairsing indéantachta inar baineadh de thátal gur fearr Gníomhaireacht neamhspleách san fhadtéarma, seachas an obair a choinneáil le JRC, chun na cúraimí eolaíocha agus teicniúla a chur i gcrích a bhfuil gá leo chun an reachtaíocht ceimiceán a chur chun feidhme. Baineadh de thátal sa staidéar indéantachta nach bhféadfaí an cinneadh a dhéanamh ar bhonn aon difríochta bunúsaí sna costais, ach go bhféadfaí é a dhéanamh bunaithe ar dhifríochtaí structúrtha:

- Is fearr is féidir le Gníomhaireacht neamhspleách ioncam ó thaillí a fháil agus a úsáid chun cúraimí sonracha a chur i gcrích;

- Is fearr is féidir le Gníomhaireacht neamhspleách cobhsaíocht fhadtéarmach a áirithiú maidir le líon na foirne a shanntar do chúraimí sonracha;

- Is fearr is féidir le Gníomhaireacht neamhspleách a áirithiú go ndéanfar pleanáil fhadtéarmach agus go mbeidh acmhainní ar fáil le haghaidh gnáthchúraimí eolaíocha ar gá iad a dhéanamh thar tréimhse fhada ama.

Measadh ansin go raibh sé de bhuntáiste ag JRC go gcruthófaí sineirgíochtaí le hobair eile a bheadh ar siúl maidir le cur chun feidhme reachtaíochta ceimiceán. Dá bhrí sin, baineadh de thátal sa staidéar indéantachta gurbh é an réiteach ab fhearr Gníomhaireacht neamhspleách a lonnú ar an suíomh ábhartha de chuid JRC.

Tá an anailís a rinneadh agus na tátail a baineadh agus an Ghníomhaireacht um bheartas ceimiceán áirithe á bunú chomh bailí agus chomh hábhartha céanna i gcás Rialachán (CE) Uimh. 689/2008, seachas dhá dhifríocht mhóra:

(1) ní dhéantar foráil san athmhúnlú de Rialachán (CE) Uimh. 689/2008 atá ann faoi láthair maidir le táillí a bhailiú, cé go measfar a indéantacht ag céim níos déanaí;

(2) ní in JRC ach sa Ghníomhaireacht atá na hinniúlachtaí anois beartais ceimiceán áirithe eile a chur chun feidhme.

Dá bhrí sin, is féidir a bhaint de thátal gur fearr gur féidir le Gníomhaireacht neamhspleách an obair eolaíoch agus theicniúil a dhéanamh a theastaíonn chun Rialachán (CE) Uimh. 689/2008 a chur chun feidhme, go háirithe má bhaileofar táillí ag céim níos déanaí, agus gurb é Heilsincí an áit is fearr don Ghníomhaireacht sin, d'fhonn úsáid a bhaint as na sineirgíochtaí is féidir a fháil ó obair eile na Gníomhaireachta i ndáil le ceimiceáin. Is léir gur éifeachtúla na cúraimí a chur ar Ghníomhaireacht atá ann cheana ná Gníomhaireacht nua a chruthú, ós rud é gur féidir an bonneagar riaracháin atá ag feidhmiú cheana a úsáid agus gur féidir a bheith ag tnúth le sineirgíochtaí i dtéarmaí na foirne agus an bhonneagair.

*1.5.4. Comhchuibheas agus sineirgíocht a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí ábhartha eile*

Tá an togra go hiomlán i gcomhréir le beartais agus cuspóirí atá ann cheana agus a bhfuil sé d'aidhm leo sláinte an duine agus an comhshaol a chosaint ar bhonn domhanda amhail na beartais agus cuspóirí atá leagtha síos sa Séú Clár Gníomhaíochta Comhshaoil.

Trí bhíthin an obair eolaíoch agus theicniúil a bhaineann le cur chun feidhme an togra atá beartaithe a chur leis an nGníomhaireacht, táthar ag tnúth le sineirgíochtaí leis an obair cur chun feidhme a rinne an Ghníomhaireacht ar REACH, CLP agus ar Bhithicídí amach anseo (togra le haghaidh Rialachán COIM (2009)267 nua).

## 1.6. Fad agus tionchar airgeadais

☐ Togra/tionscnamh d'**fhad teoranta**

– ☐ Togra/tionscnamh in éifeacht ón [LL/MM]BBBB go dtí an [LL/MM]BBBB

– ☐ Tionchar airgeadais ó BBBB go BBBB

☒ Togra/tionscnamh **d'fhad neamhtheoranta**

– Cur chun feidhme le tréimhse thosaigh idir 2012 agus 2013,

– agus feidhm iomlán ina dhiaidh sin ón 01.04.2013 (measta).

## 1.7. Modhanna bainistíochta atá beartaithe[41]

☒**Bainistíocht dhíreach láraithe** ag an gCoimisiún

☒**Bainistíocht indíreach láraithe** trí na cúraimí cur chun feidhme a tharmligean chuig:

– ☐ gníomhaireachtaí feidhmiúcháin

– ☒ comhlachtaí arna mbunú ag na Comhphobail[42]

– ☐ comhlachtaí náisiúnta san earnáil phoiblí/comhlachtaí a bhfuil misean de sheirbhís phoiblí acu

– ☐ daoine a bhfuil sé de chúram orthu gníomhaíochtaí ar leith a chur chun feidhme de bhun Theideal V den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus atá sainaitheanta sa ghníomh bunaidh ábhartha de réir bhrí Airteagal 49 den Rialachán Airgeadais

☐ **Bainistíocht chomhpháirteach** leis na Ballstáit

☐ **Bainistíocht dhíláraithe** le tríú tíortha

☐ **Comhbhainistíocht** le heagraíochtaí idirnáisiúnta ***(tabhair sonraí)***

*I gcás ina sonraítear níos mó ná modh bainistíochta amháin, tabhair sonraí sa roinn "Nótaí" le do thoil.*

Nótaí

| |
|---|
| |

[41] Is féidir mionsonraí ar na modhanna bainistíochta agus tagairtí don Rialachán Airgeadais a fheiceáil ar shuíomh gréasáin DG Budg: http://www.cc.cec/budg/man/budgmanag/budgmanag_en.html

[42] Mar a thagraítear dóibh in Airteagal 185 den Rialachán Airgeadais.

## 2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

### 2.1. Rialacha monatóireachta agus tuairiscithe

*Sonraigh cé chomh minic agus na coinníollacha.*

(1) Cuirfidh na Ballstáit agus an Ghníomhaireacht faisnéis ar aghaidh go tráthrialta chuig an gCoimisiún maidir le hoibríocht an Rialacháin, lena n-áirítear rialuithe custaim, sáruithe, pionóis agus gníomhaíocht feabhais.

(2) Tiomsóidh an Coimisiún tuarascáil go tráthrialta maidir le hoibríocht an Rialacháin, rud a bhfuil sé freagrach as, agus ionchorpróidh sé an tuarascáil sin i dtuarascáil sintéise ina gcomhtháthófar an fhaisnéis a chuirfidh na Ballstáit agus an Ghníomhaireacht ar fáil. Thairis sin, ullmhóidh an Coimisiún achoimre ar an tuarascáil ar mhaithe lena fhoilsiú ar an Idirlíon agus cuirfidh sé ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle é.

(3) Déanfaidh na Ballstáit, an Ghníomhaireacht agus an Coimisiún rúndacht sonraí agus úinéireacht sonraí a chosaint más iomchuí.

### 2.2. Córas bainistíochta agus rialaithe

#### *2.2.1. Na rioscaí a aithníodh*

Is iad seo na príomhrioscaí:

- go dteipfeadh ar onnmhaireoirí a n-oibleagáidí a chomhlíonadh;

- nach gcuirfí an togra chun feidhme ar bhealach aonfhoirmeach sna Ballstáit;

- nach mbeadh na córais rialaithe sna Ballstáit leormhaith, e.g. rialuithe custaim;

- go dteipfeadh ar an nGníomhaireacht a cúraimí a chur i gcrích.

#### *2.2.2. Modhanna rialaithe atá beartaithe*

Tá iolracht córas bainistithe agus rialaithe i bhfeidhm, nó cuirfear i bhfeidhm iad, lena n-áirithiú go gcuirfear an rialachán beartaithe seo chun feidhme mar is iomchuí:

- Iarrtar ar na Ballstáit údaráis a ainmniú a bheidh freagrach as onnmhairithe agus allmhairithe a rialú;

- Déantar monatóireacht ar chomhordú teicniúil agus eolaíoch obair an AE trí bhíthin chruinniú na n-údarás náisiúnta ainmnithe, a bhfuil an Coimisiún ina chathaoirleach air;

- Tagann bainistiú laethúil chúraimí na Gníomhaireachta faoi fhreagracht an Stiúrthóra Feidhmiúcháin a thuairiscíonn do Bhord Bainistíochta na Gníomhaireachta ina dhiaidh sin.

Thairis sin, tugtar bonn an fhóirdheontais a theastaíonn ón nGníomhaireacht chun a cúraimí a chur i gcrích sa bhileog airgeadais seo.

## 2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

*Sonraigh bearta coisctheacha agus cosanta atá ann cheana nó atá beartaithe.*

Tá feidhm ag na gnáthbhearta atá ann chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc sa Choimisiún, maidir leis na cúraimí a chuirfidh an Coimisiún i gcrích faoin togra seo.

D'fhonn calaois, éilliú agus gníomhaíochtaí neamhdhleathacha eile a chomhrac, tá feidhm ag forálacha Rialachán (CE) Uimh. 1037/1999 gan srian maidir leis an nGníomhaireacht seo.

D'aontaigh an Ghníomhaireacht don Chomhaontú Idirinstitiúideach an 25 Bealtaine 1999 maidir le himscrúduithe inmheánacha arna seoladh ag OLAF agus d'eisigh sí na forálacha iomchuí is infheidhme maidir lena cuid fostaithe uile.

Leagtar amach sna cinntí maidir le maoiniú agus maidir leis na comhaontuithe agus na hionstraimí cur chun feidhme a eascraíonn astu go bhféadfaidh an Chúirt Iniúchóirí agus OLAF seiceálacha ar an toirt a thabhairt i gcrích, más gá, i measc fhaighteoirí mhaoiniú na Gníomhaireachta agus i measc na ngníomhairí atá freagrach as an maoiniú a leithdháileadh.

## 3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

### 3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n-imrítear tionchar

- Línte buiséid atá ann cheana

In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.

| Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil | Líne buiséid | Saghas caiteachais | Ranníocaíocht | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Uimhir [Tuairisc………………………...……….] | LD/LN[43] | ó thíortha an CSTE[44] | ó thíortha is iarrthóirí[45] | ó thriú tíortha | de réir bhrí Airteagal 18(1)(aa) den Rialachán Airgeadais |
| | [XX.YY.YY.YY] | LD/LN | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL |

- Línte nua buiséid atá á n-iarraidh

*In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.*

| Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil | Líne buiséid | Saghas caiteachais | Ranníocaíocht | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Uimhir [Ceannteideal………………………...……] | LD/LN | ó thíortha an CSTE | ó thíortha is iarrthóirí | ó thriú tíortha | de réir bhrí Airteagal 18(1)(aa) den Rialachán Airgeadais |
| 2 | 07. 03 70 01<br><br>Gníomhaireacht Ceimiceán – Gníomhaíochtaí i réimse na Reachtaíochta maidir le PIC – fóirdheontas faoi Theideal 1 agus Theideal 2 | LD | TÁ | NÍL | NÍL | NÍL |
| 2 | 07. 03 70 02<br><br>Gníomhaireacht Ceimiceán – Gníomhaíochtaí i réimse na Reachtaíochta maidir le PIC – fóirdheontas faoi Theideal 3 | LD | TÁ | NÍL | NÍL | NÍL |

43 LD – Leithreasaí difreáilte / LN – Leithreasaí neamhdhifreáilte
44 CSTE: Comhlachas Saorthrádála na hEorpa.
45 Tíortha is iarrthóirí agus, nuair is iomchuí, tíortha a d'fhéadfadh a bheith ina n-iarrthóirí **ó na Balcáin Thiar**.

### 3.2. An tionchar a mheastar a bheidh ar chaiteachas

*3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh ar chaiteachas*

*EUR milliúin (go dtí an 3ú deachúil)*

| **Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil:** | Uimhir | 2. Caomhnú agus Bainistiú Acmhainní Nádúrtha |
|---|---|---|

| DG: Comhshaol | | | 2012 | 2013 | 2014 | 2015 | 2016[46] | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| • Leithreasaí faoi chomhair oibríochtaí | | | | | | | | |
| 07.03.70.01 | Oibleagáidí | (1) | 0,349 | 0,620 | 0,718 | 0,744 | 0,772 | |
| | Íocaíochtaí | (2) | 0,349 | 0,620 | 0,718 | 0,744 | 0,772 | |
| 07.03.70.02 | Oibleagáidí | (1a) | 1,122 | 1,012 | 0,563 | 0,463 | 0,363 | |
| | Íocaíochtaí | (2a) | 1,122 | 1,012 | 0,563 | 0,463 | 0,363 | |
| Leithreasaí de chineál riaracháin arna maoiniú ó chiste clár sonrach[47] | | | | | | | | |
| Uimhir na líne buiséid | | (3) | | | | | | |
| **IOMLÁN leithreasaí i gcomhair DG an Chomhshaoil** | Oibleagáidí | =1+1a +3 | 1,470 | 1,632 | 1,281 | 1,207 | 1,135 | |
| | Íocaíochtaí | =2+2a +3 | 1,470 | 1,632 | 1,281 | 1,207 | 1,135 | |

46 Níl aon athrú ar an mbuiséad bliantúil ó 2018 ar aghaidh

47 Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le cláir agus/nó gníomhaíochtaí AE (seanlínte "BA"), taighde indíreach, taighde díreach a chur chun feidhme.

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| • IOMLÁN leithreasaí faoi chomhair oibríochtaí | Oibleagáidí | (4) | 1,470 | 1,632 | 1,281 | 1,207 | 1,135 | |
| | Íocaíochtaí | (5) | 1,470 | 1,632 | 1,281 | 1,207 | 1,135 | |
| • IOMLÁN leithreasaí de chineál riaracháin arna maoiniú ó chiste clár sonrach | | (6) | | | | | | |
| **IOMLÁN leithreasaí faoi CHEANNTEIDEAL 2** den chreat airgeadais ilbhliantúil | Oibleagáidí | =4+ 6 | 1,470 | 1,632 | 1,281 | 1,207 | 1,135 | |
| | Íocaíochtaí | =5+ 6 | 1,470 | 1,632 | 1,281 | 1,207 | 1,135 | |

**Má tá tionchar ag an togra/tionscnamh ar níos mó ná ceannteideal amháin:**

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| • IOMLÁN leithreasaí faoi chomhair oibríochtaí | Oibleagáidí | (4) | | | | | | |
| | Íocaíochtaí | (5) | | | | | | |
| • IOMLÁN leithreasaí de chineál riaracháin arna maoiniú ó chiste clár sonrach | | (6) | | | | | | |
| **IOMLÁN leithreasaí faoi Cheannteidil 1 go 4** den chreat airgeadais ilbhliantúil (Méid tagartha) | Oibleagáidí | =4+ 6 | | | | | | |
| | Íocaíochtaí | =5+ 6 | | | | | | |

| Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil: | 5 | "Caiteachas riaracháin " |
|---|---|---|

EUR milliúin (go dtí an 3ú deachúil)

| | | 2012 | 2013 | 2014 | 2015 | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|---|
| DG: Comhshaol | | | | | | |
| • Acmhainní daonna | | 0,191 | 0,191 | 0,191 | 0,191 | |
| • Caiteachas riaracháin eile | | 0,025 | 0,025 | 0,025 | 0,025 | |
| **IOMLÁN DG** an Chomhshaoil | Leithreasaí | 0,216 | 0,216 | 0,216 | 0,216 | |
| DG: JRC | | | | | | |
| • Acmhainní daonna | | 0,058 | 0,039 | | | |
| • Caiteachas riaracháin eile | | 0,088 | 0,059 | | | |
| **IOMLÁN DG** JRC | Leithreasaí | 0,146 | 0,098 | | | |

| | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN leithreasaí faoi CHEANNTEIDEAL 5** den chreat airgeadais ilbhliantúil | (Iomlán oibleagáidí – Iomlán íocaíochtaí) | 0,362 | 0,314 | 0,216 | 0,216 | | | | |

EUR milliúin (go dtí an 3ú deachúil)

| | | | | | | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN leithreasaí faoi CHEANNTEIDEAL 1 go 5** den chreat airgeadais ilbhliantúil | Oibleagáidí | 1,832 | 1,946 | 1,497 | 1,423 | |
| | Íocaíochtaí | 1,832 | 1,946 | 1,497 | 1,423 | |

### 3.2.2. *An tionchar a mheastar a bheidh ar leithreasaí faoi chomhair oibríochtaí*

– ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasaí faoi chomhair oibríochtaí

– ☒ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasaí faoi chomhair oibríochtaí mar a mhínítear thíos:

Leithreasaí faoi chomhair oibleagáidí in EUR milliúin (go dtí an 3ú deachúil)

| **Sonraigh cuspóirí agus aschuir** ⇩ | | | Bliain 2012 | | Bliain 2013 | | Bliain 2014 | | Bliain 2015 | | ... tabhair na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | | | | | **IOMLÁN** | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **ASCHUIR** | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| | Saghas aschuir[48] | Meán chostas an aschuir | Líon na n-aschur | Costas | Líon na n-aschur | Costas | Líon na n-aschur | Costas | Líon na n-aschur | Costas | Líon na n-aschur | Costas | Líon na n-aschur | Costas | Líon na n-aschur | Costas | Líon iomlán na n-aschur | Costas iomlán |
| CUSPÓIR SONRACH Uimh. 1[49] | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| - Córas TF | | | 1 | 1,000 | 1 | 0,800 | 1 | 0,350 | 1 | 0,250 | | | | | | | | |
| - Fógra onnmhairíochta | | | | 0,406 | 2000 | 0,768 | 5300 | 0,867 | 5800 | 0,893 | | | | | | | | |
| - DTCanna (Doiciméid Treorach do Chinntí) + fógraí PIC | | | | 0,064 | 2 | 0,064 | 7 | 0,064 | 7 | 0,064 | | | | | | | | |
| Fo-iomlán chuspóir sonrach Uimh.1 | | | | 1,470 | | 1,632 | | 1,281 | | 1,207 | | | | | | | | |

[48] Is ionann aschuir agus táirgí agus seirbhísí le soláthar (e.g.: líon na malartuithe mac léinn a fhaigheann maoiniú, iomlán km de bhóithre a rinneadh, etc.).

[49] Mar a thuairiscítear i Roinn 1.4.2. "Cuspóir sonrach/Cuspóirí sonracha..."

| | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| CUSPÓIR SONRACH Uimh. 2... | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| - Aschur | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Fo-iomlán chuspóir sonrach Uimh. 2 | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| **COSTAS IOMLÁN** | | | | 1,470 | | 1,632 | | 1,281 | | 1,207 | | | | | | | | |

Is ionann na costais reatha a bhaineann leis an obair riaracháin, eolaíoch agus theicniúil atá clúdaithe le buiséad oibriúcháin 2010-2011 (070307) agus € 444 000 in 2010 agus € 400 000 in 2011, agus clúdaíonn siad comhshocraíocht riaracháin le JRC agus conradh seirbhíse. Táthar ag súil go mbeidh costais arda ann in 2012 agus 2013 de bharr an aistrithe chuig an nGníomhaireacht toisc bogearraí nua a bheith le forbairt, ar bogearraí iad a bheadh de dhíth cibé cur chuige a roghnófaí de dheasca aois an bhunachair shonraí atá ann faoi láthair. Tar éis na céime tosaithe sin, táthar ag súil nach n-ardóidh na costais oibriúcháin ach beagán agus i gcomhréir leis an méadú ar an ualach oibre. Is gá céim infheistíochta agus idirlinne le linn na mblianta 2012 agus 2013 go háirithe maidir le hinfheistíochtaí na Gníomhaireachta i dTeicneolaíocht Faisnéise. A luaithe a thosóidh gníomhaíochtaí na Gníomhaireachta in 2013, beidh caiteachas foriomlán na Gníomhaireachta socair, cé go bhfuiltear ag súil le méadú ar líon na bhfógraí onnmhairíochta agus na n-iarrataí ar thoiliú sainráite a phróiseáilfear – tiocfaidh laghdú ar 'costas aonaid' an aschuir dá bhrí sin ó € 163 in 2014 go € 106 in 2020.

### *3.2.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar leithreasaí de chineál riaracháin*

3.2.3.1. Achoimre

– ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasaí de chineál riaracháin

– ☒ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasaí de chineál riaracháin mar a mhínítear thíos:

EUR milliúin (go dtí an 3ú deachúil)

| | Bliain 2012[50] | Bliain 2013 | Bliain 2014 | Bliain 2015 | ... tabhair na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **CEANNTEIDEAL 5 DG an Chomhshaoil den chreat airgeadais ilbhliantúil** | | | | | | | | |
| Acmhainní daonna | 0,191 | 0,191 | 0,191 | 0,191 | | | | |
| Caiteachas riaracháin eile | 0,025 | 0,025 | 0,025 | 0,025 | | | | |
| **Fo-iomlán CHEANNTEIDEAL 5 DG an Chomhshaoil den chreat airgeadais ilbhliantúil** | 0,216 | 0,216 | 0,216 | 0,216 | | | | |
| **CEANNTEIDEAL 5 DG JRC[51] den chreat airgeadais ilbhliantúil** | | | | | | | | |
| Acmhainní daonna | 0,058 | 0,039 | | | | | | |
| Caiteachas eile de chineál riaracháin | 0,088 | 0,059 | | | | | | |
| **Fo-iomlán CHEANNTEIDEAL 5 DG JRC den chreat airgeadais ilbhliantúil** | 0,146 | 0,098 | | | | | | |

[50] Is í bliain N an bhliain a gcuirtear tús le cur chun feidhme an togra/tionscnaimh.

[51] Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le cláir agus/nó gníomhaíochtaí AE (seanlínte "BA"), taighde indíreach, taighde díreach a chur chun feidhme.

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN** | **0,362** | **0,314** | **0,216** | **0,216** | | | | |

Faoin Rialachán athmhúnlaithe, fanfaidh leibhéal an chaiteachais riaracháin in DG an Chomhshaoil mar atá. Ní mór caiteachas riaracháin JRC (a mheastar mar EUR 146 000 in 2011) a choinneáil ar an leibhéal céanna in 2012 agus go páirteach in 2013 chun comhleanúnachas oibríochtaí a áirithiú go dtí go ngabhfaidh an Ghníomhaireacht oibriú an chórais de láimh.

3.2.3.2. Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach

– ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna

– ☒ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna mar a mhínítear thíos:

*Sloinnfear an meastachán i méideanna iomlána (nó go dtí an 1ú deachúil ar a mhéad)*

| | Bliain 2012 | Bliain 2013 | Bliain 2014 | Bliain 2015 | ... tabhair na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **• Poist don phlean bunaíochta (oifigigh agus gníomhairí sealadacha)** | | | | | | | |
| XX 01 01 01 (Ceanncheathrú agus Oifigí Ionadaíocht an Choimisiúin) | 1,5 | 1,5 | 1,5 | 1,5 | | | |
| XX 01 01 02 (Toscaireachtaí) | | | | | | | |
| XX 01 05 01 (Taighde indíreach) | | | | | | | |
| 10 01 05 01 (Taighde díreach) | | | | | | | |
| **• Pearsanra seachtrach (i gcoibhéis lánaimseartha: FTE)**[52] | | | | | | | |
| XX 01 02 01 (CA, INT, SNE ón "clúdach iomlánaíoch") | | | | | | | |
| XX 01 02 02 (CA, INT, JED, LA agus SNE sna toscaireachtaí) | | | | | | | |
| **XX** 01 04 ***bb*** [53] - sa Cheanncheathrú[54] | | | | | | | |
| - i dtoscaireachtaí | | | | | | | |
| **XX** 01 05 02 (CA, INT, SNE – Taighde indíreach) | | | | | | | |
| **XX** 01 05 02 (CA, INT, SNE – Taighde díreach) | | | | | | | |
| Línte buiséid eile (sonraigh) | | | | | | | |
| **IOMLÁN** | | | | | | | |

**Is é XX** an réimse beartais nó an teideal buiséid lena mbaineann.

Comhlíonfar na riachtanais acmhainní daonna trí fhoireann ón DG a bhfuil bainistíocht na gníomhaíochta faoina cúram cheana agus/nó atá ath-imlonnaithe taobh istigh den DG, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don DG atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

---

52 CA= Gníomhaire ar conradh; INT= Foireann ghníomhaireachta ("*Intérimaire")*; JED= "*Jeune Expert en Délégation*" (saineolaí óg i dToscaireacht); LA= Gníomhaire áitiúil; SNE= Saineolaí náisiúnta ar iasacht;

53 Faoin uasteorainn do phearsanra seachtrach ó leithreasaí faoi chomhair oibríochtaí (na seanlínte "BA").

54 Le haghaidh na gCistí Struchtúracha, an Chiste Eorpaigh Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus an Chiste Eorpaigh Iascaigh (CEI) go bunúsach.

Is mar seo a leanas dáileadh na gcúraimí sa Choimisiún faoi láthair:

- Seolann DG an Chomhshaoil forbairt na mbeartas agus tá sé freagrach as Rialachán PIC a chur chun feidhme san AE, lena n-áirítear glacadh reachtaíochta, agus tá sé freagrach freisin as gach oibleagáid idirnáisiúnta a eascraíonn ón gCoinbhinsiún. Déanann DG an Chomhshaoil ionadaíocht thar ceann an Aontais Eorpaigh ar leibhéal an Choinbhinsiúin, lena n-áirítear an Coiste Athbhreithnithe Ceimiceán, agus déanann sé an obair a bhaineann le caibidlíochtaí idirnáisiúnta.

- Déanann JRC (Ispra) an obair riaracháin agus theicniúil a bhaineann le bunachar sonraí EDEXIM.

Ós rud é go gcoinneoidh DG an Chomhshaoil an pacáiste oibre ina iomláine, níl aon athruithe maidir leis na hacmhainní is gá. Beidh coigilteas in JRC ó 2013 ar aghaidh áfach, de bharr aistriú na hoibre chuig an nGníomhaireacht.

Cur síos ar na cúraimí a bheidh le déanamh

| | |
|---|---|
| Oifigigh agus gníomhairí sealadacha | Tá DG an Chomhshaoil freagrach as forbairt na mbeartas agus as Rialachán PIC a chur chun feidhme san AE, lena n-áirítear glacadh reachtaíochta, agus tá sé freagrach freisin as gach oibleagáid idirnáisiúnta a eascraíonn ón gCoinbhinsiún. Déanann DG an Chomhshaoil ionadaíocht thar ceann an Aontais Eorpaigh ar leibhéal an Choinbhinsiúin, lena n-áirítear an Coiste Athbhreithnithe Ceimiceán, agus déanann sé an obair a bhaineann le caibidlíochtaí idirnáisiúnta. |
| Pearsanra seachtrach | |

3.2.4. *Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha*

– ☒ Tá an togra/tionscnamh comhoiriúnach leis an gcreat airgeadais ilbhliantúil reatha.

– ☐ Beidh athchlárú an cheannteidil ábhartha sa chreat airgeadais ilbhliantúil ag gabháil leis an togra/tionscnamh seo.

| |
|---|
| Mínigh an cineál athchláraithe a bhfuil gá leis, agus sonraigh na línte buiséid lena mbaineann agus na méideanna comhfhreagracha. |

– ☐ Éilíonn an togra/tionscnamh go gcuirfear an ionstraim sholúbthachta i bhfeidhm nó go ndéanfar athbhreithniú ar an gcreat airgeadais ilbhliantúil[55]

| |
|---|
| Mínigh a bhfuil gá leis, agus sonraigh na ceannteidil agus na línte buiséid lena mbaineann agus na méideanna comhfhreagracha. |

3.2.5. *Ranníocaíochtaí ó thriú páirtithe*

– Ní dhéantar foráil sa togra/tionscnamh maidir le cómhaoiniú le tríú páirtithe

Tá clásal athbhreithnithe sa Rialachán faoina n-athbhreithneoidh an Coimisiún, tar éis tréimhse nach fada ná 5 bliana oibriúcháin, an fhéidearthacht táillí a thabhairt isteach chun na hoibreacha a dhéanann an Ghníomhaireacht a mhaoiniú, seachas é sin a dhéanamh trí bhíthin an fhóirdheontais. Cuirfear san áireamh san athbhreithniú sin an tionchar a imreoidh táillí den sórt sin ar na hoibreoirí eacnamaíocha lena mbaineann. Má chinneann an Coimisiún táillí a thabhairt isteach, déanfar amhlaidh trí bhíthin leasaithe ar an togra reatha ar gá a ghlacadh tríd an ngnáthnós imeachta reachtach.

Leithreasaí in EUR milliúin (go dtí an 3ú deachúil)

[55] Féach pointí 19 agus 24 den Chomhaontú Idirinstitiúideach.

| | Bliain **N** | Bliain **N+1** | Bliain **N+2** | Bliain **N+3** | ... tabhair na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Sonraigh an comhlacht cómhaoinithe | | | | | | | | |
| IOMLÁN leithreasaí cómhaoinithe | | | | | | | | |

### 3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

– ☒ Níl tionchar airgeadais ar bith ag an togra ar ioncam.

– ☐ Tá an tionchar airgeadais seo a leanas ag an togra/tionscnamh:

– ☐ ar acmhainní dílse

– ☐ ar ioncam ilghnéitheach

EUR milliúin (go dtí an 3ú deachúil)

| Líne buiséid ioncaim | Leithreasaí atá ar fáil don tréimhse bhuiséadach leanúnach | Tionchar an togra/tionscnaimh[56] | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Bliain **N** | Bliain **N+1** | Bliain **N+2** | Bliain **N+3** | ... iontráil na colúin ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | |
| Airteagal …………. | | | | | | | | |

I gcás ioncaim ilghnéithigh shannta, sonraigh na línte buiséid a n-imrítear tionchar orthu.

| |
|---|
| |

Sonraigh an modh chun an tionchar ar ioncam a ríomh.

| |
|---|
| |

[56] A fhad a bhaineann le hacmhainní dílse traidisiúnta (dleachtanna talmhaíochta, tobhaigh siúcra), ní mór na méideanna a luaitear a bheith ina nglanmhéideanna, i.e. méideanna comhlána agus 25 % de chostais bhailiúcháin a bheith bainte astu.

## IARSCRÍBHINN 1

## Dréachtbhuiséad don Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán (in Euro)

### Cúraimí a bhaineann le Toiliú Feasach a chur in iúl Roimh Ré

| Caiteachas | 2012 | 2013 | 2014 | 2015 | 2016 | 2017 | 2018 | 2019 | 2020 | 2021 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Teideal 1** | | | | | | | | | | |
| Tuarastail agus leithdháiltí | 251.100 | 471.800 | 505.900 | 523.800 | 543.800 | 563.900 | 570.600 | 570.600 | 570.600 | 570.600 |
| Costais eile fhoirne | 33.600 | 45.600 | 67.800 | 70.200 | 72.900 | 75.600 | 76.500 | 76.500 | 76.500 | 76.500 |
| **Iomlán Teideal 1** | **284.700** | **517.400** | **573.700** | **594.000** | **616.700** | **639.500** | **647.100** | **647.100** | **647.100** | **647.100** |
| **Teideal 2** | | | | | | | | | | |
| 20 Foirgnimh a fháil ar cíos agus costais ghaolmhara* | 33.000 | 50.000 | 74.900 | 77.600 | 80.500 | 83.500 | 84.500 | 84.500 | 84.500 | 84.500 |
| 21 Teicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide** | 21.100 | 33.700 | 49.700 | 51.400 | 53.400 | 55.400 | 56.000 | 56.000 | 56.000 | 56.000 |
| 22 Maoin shochorraithe agus costais ghaolmhara** | 5.100 | 8.800 | 10.400 | 10.700 | 11.100 | 11.600 | 11.700 | 11.700 | 11.700 | 11.700 |
| 23 Caiteachas riaracháin reatha* | 4.700 | 9.900 | 9.500 | 9.800 | 10.200 | 10.500 | 10.700 | 10.700 | 10.700 | 10.700 |
| 25 Caiteachas ar chruinnithe* | 100 | 200 | 200 | 200 | 200 | 200 | 200 | 200 | 200 | 200 |
| **Iomlán Teideal 2** | **64.000** | **102.600** | **144.700** | **149.700** | **155.400** | **161.200** | **163.100** | **163.100** | **163.100** | **163.100** |
| **Teideal 3** | | | | | | | | | | |
| Forbairt bunachar sonraí agus bogearraí a bhaineann le hoibriú PIC | 1.000.000 | 800.000 | 350.000 | 250.000 | 150.000 | 150.000 | 100.000 | 100.000 | 100.000 | 100.000 |
| Faisnéis agus foilseacháin | 10.000 | 10.000 | 10.000 | 10.000 | 10.000 | 10.000 | 10.000 | 10.000 | 10.000 | 10.000 |
| Seirbhísí deasca cabhrach/Treoir | 0 | 20.000 | 20.000 | 20.000 | 20.000 | 20.000 | 20.000 | 20.000 | 20.000 | 20.000 |
| Staidéir agus Sainchomhairleoirí | 100.000 | 100.000 | 100.000 | 100.000 | 100.000 | 100.000 | 100.000 | 100.000 | 100.000 | 100.000 |
| Speansais misean | 5.000 | 10.000 | 10.000 | 10.000 | 10.000 | 10.000 | 10.000 | 10.000 | 10.000 | 10.000 |
| Oiliúint theicniúil na foirne agus na ngeallsealbhóirí | 900 | 2.000 | 2.700 | 2.700 | 2.800 | 3.000 | 3.000 | 3.000 | 3.000 | 3.000 |
| Cruinnithe na UNAnna agus na ngrúpaí saineolacha maidir le cur chun feidhme PIC | 5.700 | 70.000 | 70.200 | 70.200 | 70.200 | 70.200 | 70.200 | 70.200 | 70.200 | 70.200 |
| **Iomlán Teideal 3** | **1.121.600** | **1012.000** | **562.900** | **462.900** | **363.000** | **363.200** | **313.200** | **313.200** | **313.200** | **313.200** |
| **Iomlán** | **1.470.300** | **1.632.000** | **1.281.300** | **1.206.600** | **1.135.100** | **1.163.900** | **1.123.400** | **1.123.400** | **1.123.400** | **1.123.400** |
| **Ioncam** | | | | | | | | | | |
| **Fóirdheontas an Aontais** | 1.470.300 | 1.632.000 | 1.281.300 | 1.206.600 | 1.135.100 | 1.163.900 | 1.123.400 | 1.123.400 | 1.123.400 | 1.123.400 |
| **Iomlán** | **1.470.300** | **1.632.000** | **1.281.300** | **1.206.600** | **1.135.100** | **1.163.900** | **1.123.400** | **1.123.400** | **1.123.400** | **1.123.400** |

**IARSCRÍBHINN II**

**Modheolaíocht fheidhmeach agus na príomhbhoinn tuisceana bhunúsacha do mhúnla airgeadais na Gníomhaireachta Ceimiceán do ghníomhaíochtaí a bhaineann le PIC**

Ríomh na gcostas foirne

Toisc go bhfuil ról mór ag an mBiúró Eorpach Ceimiceán (BEC), ar cuid de Ispra in JRC an Choimisiún é, faoi láthair i gcur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh.689/2008, tá taithí nach beag aige i ndáil leis an bhfad ama a theastaíonn chun cúraimí áirithe a chur i gcrích agus i ndáil leis an gcineál cáilíochtaí a theastaíonn chun iad a chur i gcrích (difreáil idir catagóirí éagsúla foirne).

Leis an bhfoireann sin, cuireadh riachtanais bhreise acmhainní i gcomhair bainistiú agus traenáil na foirne sin, ag cur san áireamh barainneachtaí an mhorscála gur féidir a bhaint amach, go háirithe i gcúraimí taca agus san fhoireann a thagann ó shocruithe a bunaíodh cheana i gcomhair chur chun feidhme Rialachán REACH, Rialachán CLP agus Rialachán na mBithicídí (e.g. i gcomhair caidrimh idirnáisiúnta, cumarsáide seachtraí, sheirbhísí na deisce chabhrach, na Rannóige Dlí, Iniúchadh agus Rialú Inmheánach, Acmhainní Daonna, Airgeadais, Theicneolaíocht na Faisnéise agus Bainistiú Foirgneamh). Bunaithe ar chóimheas foirne na Gníomhaireachta faoi láthair, tá na hacmhainní breise seo cothrom le 30% díobh siúd is gá do na cúraimí oibríochtúla a bhaineann le Rialachán PIC.

Ó Eanáir 2012, tá sé beartaithe go mbeadh an Ghníomhaireacht in ann tús a chur lena cuid oibre, na nithe seo a leanas go príomha: an córas TF a bhunú, nósanna imeachta inmheánacha a bhunú, agus na nósanna imeachta d'earcú foirne in 2012 a lainseáil.

I gcás 2012, tá sé beartaithe go mbeadh an Ghníomhaireacht in ann an chuid is mó den fhoireann a theastaíonn a earcú agus aistriú rianúil de chúraimí PIC ón gCoimisiún a áirithiú ó thaobh na Gníomhaireachta de.

Ón 1 Aibreán 2013 ar aghaidh, bheadh an Ghníomhaireacht freagrach as na cúraimí éagsúla atá leagtha síos sa togra.

Leagtar síos le hIarscríbhinn III an plean bunaíochta atá beartaithe i ndáil leis an togra seo. Cuirtear foireann bhuan/shealadach (i.e. atá le sonrú sa phlean bhunaíochta) san áireamh sa bhuiséad atá leagtha amach in Iarscríbhinn I.

Iolraíodh na hacmhainní ar fad a ríomhadh faoin meánchostas bliantúil de réir gráid agus fuarthas na costais foirne iomlána mar thoradh air sin. Ina theannta sin, cuireadh i bhfeidhm an fachtóir ualaithe do Heilsincí (119.8% – coigeartú ar an gcostas maireachtála is infheidhme maidir le gach ball foirne).

Glacadh leis gurb ionann na costais foirne eile i dTeideal 1 agus 10% de chostais tuarastail na foirne buaine nó sealadaí.

**Meánchostais fheidhmeacha d'fhoireann bhuan nó d'fhoireann shealadach de réir gráid in aghaidh na bliana (foinse: an Ghníomhaireacht)**

| Grád | Tuarastal |
|---|---|

| | |
|---|---|
| **AD 13** | **243,156** |
| **AD 12** | **195,900** |
| **AD 5-11** | **120,288** |
| **AST 7-8** | **104,778** |
| **AST 1-6** | **66,872** |

**Meánchostais fheidhmeacha do ghníomhairí conarthacha de réir grúpa feidhme in aghaidh na bliana (foinse: an Ghníomhaireacht)**

| Grád | Tuarastal |
|---|---|
| GF IV | 55,869 |
| GF III | 55,287 |
| GF II | 37,319 |
| GF I | 34,813 |

Ríomh caiteachais ar fhoirgnimh agus ar threalamh agus caiteachais ilghnéithigh oibriúcháin:

Ríomhadh gach caiteachas ar fhoirgnimh, ar threalamh, ar throscán, ar theicneolaíocht na faisnéise agus caiteachas riaracháin eile bunaithe ar líon na mball foirne is gá iolraithe faoi na meánfhigiúirí costais an duine bunaithe ar bhuiséad reatha na Gníomhaireachta.

Caiteachas oibriúcháin:

An rud is mó a spreagfaidh costais sna blianta tosaigh forbairt an chórais TF chun tacú le cur chun feidhme PIC. Thairis sin, foráiltear go n-óstálfaidh an Ghníomhaireacht cruinniú teicniúil amháin leis na Ballstáit in aghaidh na bliana, go mbeidh grúpa taca saineolach aici le haghaidh fhorbairt an chórais TF agus go gcothabhálfaidh agus go gcuirfidh sí oiliúint ar fhoireann ó na Ballstáit.

Tá costas leanúnach ann freisin le haghaidh sainchomhairle chun tacú le tuairisciú bliantúil agus tráthrialta na Gníomhaireachta go háirithe.

Sa deireadh thiar, tá speansais na misean níos airde ná an meán in aghaidh an bhaill foirne i gcomparáid leis na cúraimí atá ar an nGníomhaireacht faoi láthair de bharr chineál idirnáisiúnta na hoibre agus de bharr ghá an Choimisiúin tacaíocht eolaíoch agus theicniúil a bheith aige ar an láithreán agus cruinnithe idirnáisiúnta ar siúl.

# IARSCRÍBHINN III
# Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán
# PLEAN BUNAÍOCHTA
# Foireann bhreise chun gníomhaíochtaí a bhaineann le PIC a chur i gcrích

| | 2012 | 2013 | 2014 | 2015 | 2016 | 2017 | 2018 | 2019 | 2020 | 2021 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **AD 13** | **0** | **0** | **0** | **0** | **0** | **0** | **0** | **0** | **0** | **0** |
| **AD 12** | **0** | **0** | **0** | **0** | **0** | **0** | **0** | **0** | **0** | **0** |
| **AD 5-11** | **1** | **1** | **1** | **1** | **1** | **1** | **1** | **1** | **1** | **1** |
| **AST 7-11** | **1** | **3** | **2** | **2** | **2** | **2** | **2** | **2** | **2** | **2** |
| **AST 1-6** | **1** | **1** | **2,7** | **3,0** | **3,3** | **3,6** | **3,6** | **3,6** | **3,6** | **3,6** |
| **Foriomlán** | **3** | **5** | **6** | **6** | **6** | **7** | **7** | **7** | **7** | **7** |